Déardaoin 7. Iúil 2022

P9_TA(2022)0297

Breoslaí eitlíochta inbhuanaithe (Tionscnamh Eitlíochta ReFuelEU) ***I

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2022 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (COM(2021)0561 – C9-0332/2021 – 2021/0205(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 47/34)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Leis na scórtha de bhlianta anuas, tá ról ríthábhachtach ag an aeriompar i ngeilleagar an Aontais agus i saol laethúil shaoránaigh an Aontais, mar cheann de na hearnálacha is fearr feidhmíochta agus is dinimiciúla i ngeilleagar an Aontais. Ba spreagadh mór é don fhás eacnamaíoch, do phoist, don trádáil agus don turasóireacht, agus do nascacht agus do shoghluaisteacht gnólachtaí agus saoránach araon, go háirithe laistigh de mhargadh inmheánach eitlíochta an Aontais. Chuir an méadú ar sheirbhísí aeriompair go mór leis an nascacht laistigh den Aontas agus leis an nascacht le tríú tíortha a fheabhsú, agus bhí sé ríthábhachtach le haghaidh gheilleagar an Aontais a d'fhág go ginearálta gurbh indéanta geilleagar Aontais a bheith ann.	(1) Leis na scórtha de bhlianta anuas, tá ról ríthábhachtach ag an aeriompar i ngeilleagar an Aontais agus i saol laethúil shaoránaigh an Aontais, mar cheann de na hearnálacha is fearr feidhmíochta agus is dinimiciúla i ngeilleagar an Aontais. Ba spreagadh mór é don fhás eacnamaíoch, do phoist, don trádáil agus don turasóireacht, agus do nascacht agus do shoghluaisteacht gnólachtaí agus saoránach araon, ***chomh maith mar cheann de na príomhcheangaltóirí idir na réigiúin is forimeallaí agus an mhórthír***, go háirithe laistigh de mhargadh inmheánach eitlíochta an Aontais. Chuir an méadú ar sheirbhísí aeriompair go mór leis an nascacht a fheabhsú, ***comhtháthú a chothú agus éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú*** laistigh den Aontas, ***go háirithe do na réigiúin forimeallacha, na réigiún is forimeallaí, na réigiún inar tearc an daonra agus na réigiúin oileánda, chomh maith*** le tríú tíortha, agus bhí sé ina chumasóir suntasach do gheilleagar an Aontais.

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0199/2022).

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ó 2020 ar aghaidh, tá an t-aeriompar ar cheann de na hearnálacha is mó atá thíos le géarchéim COVID-19. ***I gcomhréir leis an dóchas atá ann go bhfuil deireadh na paindéime ag teannadh linn***, tá coinne go dtiocfaidh fás de réir a chéile faoin aerthrácht sna blianta atá le teacht agus go bhfillfidh sé ar an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. An tráth céanna, tá astaíochtaí ón earnáil ag méadú ó 1990 ar aghaidh agus d'fhéadfadh an treocht maidir le hastaíochtaí a bheith ag méadú teacht ar ais agus an lámh in uachtar á fáil againn ar an bpaindéim. Dá bhrí sin, ***is gá*** ullmhú don todhchaí agus na leasuithe is gá a dhéanamh ionas go n-áiritheofar go mbeidh ***margadh*** aeriompair dea-fheidhmiúil ann lena gcuideofar le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, margadh lena ngabhfaidh ardleibhéil nascachta, sábháilteachta agus slándála.	(2) ***Tá oibleagáidí dlíthiúla bunaithe ag an Aontas faoi Rialachán (AE) 2021/1119 chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus chun laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i gcomparáid le 1990 faoi 2030. Chun é sin a bhaint amach, ní mór do gach earnáil eacnamaíoch, lena n-áirítear earnáil an iompair, céimeanna gasta a ghlacadh chun dícharbónú a dhéanamh. I gcás na hearnála eitlíochta, is gá, mar gheall air sin, borradh a chur faoi tháirgeadh, sholáthar agus ghlacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.*** Ó 2020 ar aghaidh, tá an t-aeriompar ar cheann de na hearnálacha is mó atá thíos le géarchéim COVID-19. Tá coinne go dtiocfaidh fás de réir a chéile faoin aerthrácht sna blianta atá le teacht agus go bhfillfidh sé ar an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim. ***Measann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta go mbeidh fás suas le 3 % in aghaidh na bliana san Eoraip go dtí 2050 ar thrácht paisinéirí, agus fás 2,4 % ar thrácht lasta.*** An tráth céanna, tá astaíochtaí ón earnáil ag méadú ó 1990 ar aghaidh agus d'fhéadfadh an treocht maidir le hastaíochtaí a bheith ag méadú teacht ar ais ***go gasta*** agus an lámh in uachtar á fáil againn ar an bpaindéim. Dá bhrí sin, tá sé ***ríthábhachtach*** ullmhú don todhchaí agus na leasuithe is gá a dhéanamh ionas go n-áiritheofar go mbeidh ***earnáil*** aeriompair dea-fheidhmiúil ann lena gcuideofar ***go hiomlán*** le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, margadh lena ngabhfaidh ardleibhéil nascachta, ***inacmhainneachta***, sábháilteachta agus slándála.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Is gnéithe sainiúla d'fheidhmiú earnáil aeriompair an Aontais iad an ghné thrasteorann di ar fud an Aontais agus an ghné dhomhanda di. Tá an margadh inmheánach eitlíochta ar cheann de na hearnálacha is comhtháite san Aontas, agus rialaítear é le rialacha aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh agus dálaí oibríochtúla. Rialaítear an beartas ***seachtrach*** aeriompair le rialacha a bhunaítear ar an leibhéal domhanda san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), ***chomh maith le*** comhaontuithe cuimsitheacha iltaobhacha nó déthaobhacha idir an tAontas nó a Bhallstáit agus tríú tíortha.	(3) Is gnéithe sainiúla d'fheidhmiú earnáil aeriompair an Aontais iad an ghné thrasteorann di ar fud an Aontais agus an ghné dhomhanda di. Tá an margadh inmheánach eitlíochta ar cheann de na hearnálacha is comhtháite san Aontas, agus rialaítear é le rialacha aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh agus dálaí oibríochtúla. Rialaítear beartas ***seachtrach*** aeriompair ***an Aontais*** le rialacha a bhunaítear ar an leibhéal domhanda san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), ***agus i*** gcomhaontuithe cuimsitheacha iltaobhacha nó déthaobhacha idir an tAontas nó a Bhallstáit agus tríú tíortha. ***Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaidh an tAontas de na hiarrachtaí a rinneadh ar an leibhéal idirnáisiúnta, iltaobhach agus déthaobhach chun leibhéal ard uaillmhéine agus cóineasaithe a chur chun cinn maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, agus cothrom iomaíochta idirnáisiúnta á soláthar ag an am céanna.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá an margadh aeriompair faoi réir iomaíocht ghéar idir gníomhairí eacnamaíocha ar fud an Aontais agus tá an chothroime iomaíochta ríthábhachtach dó. Tá cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh aeriompair agus a ghníomhaithe eacnamaíocha ag brath ar chreat beartais soiléir agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí aerárthaí, le haerfoirt agus le gníomhaithe eitlíochta eile oibriú ar bhonn comhionannas deiseanna. Nuair a bhíonn saobhadh margaidh ann, bíonn ***an baol ann go gcuirfí*** oibreoirí aerárthaí nó aerfoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí inmheánacha agus seachtracha. Dá bharr sin, d'fhéadfadh caillteanas iomaíochais i dtionscal an aeriompair, agus caillteanas nascachta aeir do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, tarlú.	(4) Tá an margadh aeriompair faoi réir iomaíocht ghéar idir gníomhaithe eacnamaíocha ***ar fud an domhain agus*** ar fud an Aontais, agus tá an chothroime iomaíochta ríthábhachtach dó. Tá cobhsaíocht agus rathúnas an mhargaidh aeriompair agus a ghníomhaithe eacnamaíocha ag brath ar chreat beartais soiléir agus comhchuibhithe inar féidir le hoibreoirí aerárthaí, le haerfoirt agus le gníomhaithe eitlíochta eile oibriú ar bhonn ***rialacha agus*** deiseanna cothroma, ***as a n-eascróidh earnáil bhríomhar agus deiseanna fostaíochta. Den chuid is mó, is cuid de chúrsaí taistil domhanda iad eitiltí laistigh den Aontas arna mbunú i margadh domhanda. Is amhlaidh atá freisin do chúrsaí taistil ó áiteanna nach bhfuil san Aontas go dtí cinn scríbe nach bhfuil san Aontas trí aerfoirt na hEorpa***. Nuair a bhíonn saobhadh margaidh ann, bíonn a***n baol ann go gcuirfí*** oibreoirí aerárthaí nó aerfoirt faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hiomaitheoirí inmheánacha agus seachtracha. Dá bharr sin, d'fhéadfadh sé go gcaillfí iomaíochas an tionscail aeriompair, ***lena gcuirfí gnólachtaí aeriompair agus poist i mbaol***, agus go gcaillfí nascacht aeir ***agus roghanna iompair*** do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Go háirithe, tá sé riachtanach cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud mhargadh aeriompair an Aontais maidir le breosla eitlíochta, ar sciar suntasach de chostais oibreoirí aerárthaí é. Is féidir le héagsúlacht i bpraghsanna breosla difear suntasach a dhéanamh d'fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí aerárthaí agus tionchar diúltach a imirt ar iomaíocht sa mhargadh. Nuair a bhíonn difríochtaí i bpraghsanna breosla eitlíochta ann idir aerfoirt an Aontais nó idir aerfoirt de chuid an Aontais agus aerfoirt neamh-Aontais, d'fhéadfadh oibreoirí aerárthaí a straitéisí athbhreoslaithe a oiriúnú ar chúiseanna eacnamaíocha dá bharr. Tagann méadú ar ídiú breosla aerárthaí agus astaíochtaí gás ceaptha teasa neamhriachtanacha de bharr fhorlíonadh na n-umar breosla. Dá réir sin, baineann forlíonadh na n-umar breosla ag oibreoirí aerárthaí an bonn de iarrachtaí an Aontais atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil. Is féidir le roinnt oibreoirí aerárthaí praghsanna fabhracha breosla eitlíochta ag a mbunáit a úsáid mar bhuntáiste iomaíoch in aghaidh aerlínte eile a oibríonn bealaí cosúla. D'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar iomaíochas na hearnála agus d'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do nascacht aeir. Ba cheart bearta le cosc a chur ar chleachtais den sórt sin a bhunú leis an Rialachán seo chun damáiste neamhriachtanach don chomhshaol a sheachaint chomh maith leis na dálaí cóiriomaíochta sa mhargadh aeriompair a athbhunú agus a chaomhnú.	(5) Go háirithe, tá sé riachtanach cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud mhargadh aeriompair an Aontais maidir le breosla eitlíochta, ar sciar suntasach de chostais oibreoirí aerárthaí é. Is féidir le héagsúlacht i bpraghsanna breosla difear suntasach a dhéanamh d'fheidhmiú eacnamaíoch oibreoirí aerárthaí agus tionchar diúltach a imirt ar iomaíocht sa mhargadh, ***laghdú a dhéanamh ar tharraingteacht na hearnála eitlíochta agus, dá bhrí sin, ar shoghluaisteacht, agus praghsanna arda breosla á n-aistriú go díreach ina dtáillí arda do thomhaltóirí deiridh.*** Nuair a bhíonn difríochtaí i bpraghsanna breosla eitlíochta ann idir aerfoirt an Aontais nó idir aerfoirt de chuid an Aontais agus aerfoirt neamh-Aontais, d'fhéadfadh oibreoirí aerárthaí a straitéisí athbhreoslaithe a oiriúnú ar chúiseanna eacnamaíocha dá bharr. Tagann méadú ar ídiú breosla aerárthaí agus astaíochtaí gás ceaptha teasa neamhriachtanacha de bharr fhorlíonadh na n-umar breosla. Dá réir sin, baineann forlíonadh na n-umar breosla ***ar chúiseanna eacnamaíocha*** ag oibreoirí aerárthaí an bonn d'iarrachtaí an Aontais atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil. Is féidir le roinnt oibreoirí aerárthaí praghsanna fabhracha breosla eitlíochta ag a mbunáit a úsáid mar bhuntáiste iomaíoch in aghaidh aerlínte eile a oibríonn bealaí cosúla. D'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar iomaíochas na hearnála,***rud a d'fhéadfadh saobhadh sa mhargadh a bheith mar thoradh air*** agus dochar a dhéanamh do nascacht aeir. Ba cheart bearta le cosc a chur ar chleachtais den sórt sin a bhunú leis an Rialachán seo chun damáiste neamhriachtanach don chomhshaol a sheachaint chomh maith leis na dálaí cóiriomaíochta sa mhargadh aeriompair a athbhunú agus a chaomhnú. ***Mar sin féin, ba cheart a chur san áireamh leis an Rialachán seo freisin go dtarlaíonn forlíonadh na n-umar breosla ag amanna chun na rialacha maidir le sábháilteacht breosla a chomhlíonadh agus i gcásanna den sórt sin go bhfuil údar maith leis ar chúiseanna sábháilteachta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh forlíonadh na n-umar breosla a bheith mar thoradh ar dheacrachtaí sonracha oibríochtúla a bheith ag roinnt oibreoirí aerárthaí ag roinnt aerfoirt, inter alia i dtaobh aga slánúcháin níos faide ar bhonn díréireach a bheith ag aerárthaí nó acmhainn laghdaithe aerfoirt a bheith ann ag buaic-amanna. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, faireachán, meastóireacht agus anailís ghéar a dhéanamh ar chásanna ina dtarlaíonn forlíonadh na n-umar breosla agus ar na bunchúiseanna atá leo agus, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tá forbairt inbhuanaithe ar cheann de phríomhchuspóirí an chomhbheartais iompair. Éilíonn sí, áfach, cur chuige comhtháite atá dírithe ar fheidhmiú éifeachtach chórais iompair an Aontais agus ar chosaint an chomhshaoil a áirithiú araon. Is gá, i gcás forbairt inbhuanaithe aeriompair, bearta a thabhairt isteach lena ndírítear ar astaíochtaí ó aerárthaí a eitlíonn ó aerfoirt an Aontais a laghdú. Ba cheart bearta den sórt sin rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais a chomhlíonadh faoi 2030 agus 2050.	(6) Tá forbairt inbhuanaithe ar cheann de phríomhchuspóirí an chomhbheartais iompair. Éilítear leis sin cur chuige comhtháite lena ndírítear ar fheidhmiú éifeachtach chórais iompair an Aontais, ***ar chomhlíonadh na rialachán saothair agus sóisialta*** agus ar chosaint an chomhshaoil a áirithiú. Is gá, i gcás forbairt inbhuanaithe aeriompair, bearta a thabhairt isteach, ***lena n-áirítear ionstraimí eacnamaíocha***, lena ndírítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó aerárthaí a eitlíonn ó aerfoirt an Aontais a laghdú a***gus ar mhargadh a fhorbairt chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh agus a sholáthar***. Ba cheart bearta den sórt sin rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais a chomhlíonadh faoi 2030 agus 2050.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe ([10]) agus Chliste a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2020, leagtar síos cur chuige do chóras iompair an Aontais chun a chlaochlú glas agus digiteach a bhaint amach agus le go mbeidh sé níos buanseasmhaí. Is próiseas riachtanach agus dúshlánach é dícharbónú na hearnála aeriompair, go háirithe sa ghearrthéarma. Chuir an dul chun cinn teicneolaíoch a saothraíodh i gcláir Eorpacha agus náisiúnta um thaighde agus nuálaíocht aeriompair le laghduithe tábhachtacha ar astaíochtaí leis na scórtha de bhlianta anuas. Sáraíonn an fás domhanda aerthráchta na laghduithe ar astaíochtaí san earnáil, áfach. Cé go bhfuil coinne go gcabhróidh teicneolaíochtaí nua le spleáchas na heitlíochta gearraistir ar fhuinneamh iontaise a laghdú sna blianta amach romhainn, is iad breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ***an t-aon*** réiteach chun dícharbónú suntasach i ngach saghas eitilte a bhaint amach sa ghearrthéarma. Faoi láthair, áfach, ní bhaintear leas as an acmhainneacht sin den chuid is mó.	(7) Leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ([10]) a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2020, leagtar síos cur chuige do chóras iompair an Aontais chun a chlaochlú glas agus digiteach a bhaint amach agus le go mbeidh sé níos buanseasmhaí. Is próiseas riachtanach agus dúshlánach é dícharbónú na hearnála aeriompair, go háirithe sa ghearrthéarma. Chuir an dul chun cinn teicneolaíoch, ***agus tiomantas soiléir ón tionscal,*** a saothraíodh i gcláir Eorpacha agus náisiúnta um thaighde agus nuálaíocht eitlíochta le laghduithe tábhachtacha ar astaíochtaí leis na scórtha de bhlianta anuas. Sáraíonn an fás domhanda aerthráchta na laghduithe ar astaíochtaí san earnáil, áfach. Cé go bhfuil coinne go gcabhróidh teicneolaíochtaí nua, l***ena n-áirítear aerárthaí astaíochtaí nialasacha atá faoi thiomáint leictreachais nó hidrigine a fhorbairt***, le spleáchas na heitlíochta gearraistir ar fhuinneamh iontaise a laghdú sna blianta amach romhainn ***agus gur féidir ról tábhachtach a bheith acu san eitlíocht tráchtála sa mheántéarma agus san fhadtéarma***, is réiteach iad breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ***a bhfuil gealladh fúthu*** chun dícharbónú suntasach i ngach saghas eitilte a bhaint amach sa ghearrthéarma, ***agus sa mheántéarma agus san fhadtéarma***. Faoi láthair, áfach, ní bhaintear leas as an acmhainneacht sin den chuid is mó ***agus beidh tacaíocht ag teastáil ina leith le himeacht ama chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a fhorbairt tuilleadh agus a imlonnú agus chun taighde a dhéanamh ar innill agus teicneolaíochtaí nua aerárthaí***.
([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí (COM(2020)0789), 9.12.2020.	([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis um an tSoghluaisteacht Chliste agus Inbhuanaithe – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí (COM(2020)0789), 9.12.2020.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Ba cheart prionsabal uileghabhálach na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme ar dtús i ngach earnáil, a théann níos faide ná an córas fuinnimh, chun go n-áireofaí earnáil an iompair, lena n-áirítear eitlíocht. Go háirithe, ba cheart é a bheith ina chuid lárnach de chinntí beartais, pleanála agus infheistíochta a bhaineann le hinnill atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus le breoslaí agus teicneolaíochtaí malartacha inbhuanaithe a úsáid, lena n-áirítear maidir leis an bhforbairt mhear ar eitleáin a thiomáintear le leictreachas in-athnuaite nó hidrigin ghlas.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Is breoslaí eitlíochta inbhuanaithe iad breoslaí intiteáin leachtacha, atá go hiomlán idirmhalartach le gnáthbhreosla eitlíochta agus comhoiriúnach do na hinnill aerárthaigh atá ann cheana. Deimhníodh, ar an leibhéal domhanda, roinnt conairí chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh le húsáid in eitlíocht shibhialta nó mhíleata. Tá breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ullamh go teicneolaíoch cheana, san fhíor-ghearrthéarma, chun ról tábhachtach a ghlacadh in astaíochtaí aeriompair a laghdú. Tá coinne go ndéanfar suas cuid mhór den mheascán breosla eitlíochta leo sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Thairis sin, le tacaíocht ó chaighdeáin bhreosla idirnáisiúnta iomchuí, d'fhéadfadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe rannchuidiú le cion aramatach an bhreosla deiridh atá in úsáid ag oibreoir a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hastaíochtaí neamh-CO2 eile a laghdú. Meastar, de réir a chéile, go rannchuideoidh ***roghanna malartacha eile*** chun aerárthaí a chumhachtú, amhail an leictreachas nó hidrigin ***leachtach***, le dícharbónú aeriompair, ag tosú le heitiltí gearraistir.	(8) Is breoslaí eitlíochta inbhuanaithe iad ***breoslaí eitlíochta lena gcuimsítear*** breoslaí intiteáin leachtacha, atá go hiomlán idirmhalartach le gnáthbhreosla eitlíochta agus comhoiriúnach do na hinnill aerárthaigh atá ann cheana, ***chomh maith le hidrigin agus leictreachas***. Deimhníodh, ar an leibhéal domhanda, roinnt conairí chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh le húsáid in eitlíocht shibhialta nó mhíleata. Tá breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ullamh go teicneolaíoch cheana, san fhíor-ghearrthéarma, chun ról tábhachtach a ghlacadh in astaíochtaí aeriompair a laghdú. Tá coinne go ndéanfar suas cuid mhór den mheascán breosla eitlíochta leo sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Thairis sin, le tacaíocht ó chaighdeáin bhreosla idirnáisiúnta iomchuí ***agus ó EASA chun na caighdeáin sin a dhearadh***, d'fhéadfadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe rannchuidiú le cion aramatach an bhreosla deiridh atá in úsáid ag oibreoir a laghdú, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hastaíochtaí neamh-CO_2 eile a laghdú. ***Teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu is ea breoslaí eitlíochta inbhuanaithe*** eile, amhail leictreachas nó hidrigin, agus táthar ag súil go rannchuideoidh siad de réir a chéile le dícharbónú an aeriompair, ag tosú le heitiltí gearraistir. ***Cuirfidh an Rialachán seo dlús breise le forbairt eolaíoch agus le húsáid na dteicneolaíochtaí sin, chomh maith le nuálaíocht tráchtála ina leith, trí chead a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha na teicneolaíochtaí sin a mheas i dtaca leis an sainordú maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, mar a leagtar amach sa Rialachán seo, nuair a thiocfaidh na teicneolaíochtaí sin in aibíocht agus go mbeidh fáil tráchtála orthu. Méadóidh sé sin cinnteacht agus intuarthacht an mhargaidh agus beidh sé ina dhreasacht d'infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí nua sin a bhfuil gá leo.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Beidh costais bhreosla bhreise ar na haerlínte mar thoradh ar bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thabhairt isteach sa mhargadh aeriompair de réir a chéile, mar tá sé níos costasaí faoi láthair teicneolaíochtaí breosla den sórt sin a tháirgeadh ná gnáthbhreosla eitlíochta. Meastar go gcuirfidh sé sin leis na saincheisteanna atá ann cheana féin a bhaineann le cothrom iomaíochta sa mhargadh aeriompair maidir le breosla eitlíochta agus go mbeidh tuilleadh saofa i measc oibreoirí aerárthaí agus aerfort dá bharr sin. Leis an rialachán seo, ba cheart bearta a dhéanamh ionas nach mbeidh tionchar diúltach ar iomaíochas na hearnála eitlíochta de bharr breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thabhairt isteach trí cheanglais chomhchuibhithe ar fud an Aontais a shainiú.	(9) Beidh costais bhreosla bhreise ar na haerlínte mar thoradh ar bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thabhairt isteach sa mhargadh aeriompair de réir a chéile, mar tá sé níos costasaí faoi láthair teicneolaíochtaí breosla den sórt sin a tháirgeadh ná gnáthbhreosla eitlíochta. Meastar go gcuirfidh sé sin leis na saincheisteanna atá ann cheana féin a bhaineann le cothrom iomaíochta sa mhargadh aeriompair maidir le breosla eitlíochta agus go mbeidh tuilleadh saofa i measc oibreoirí aerárthaí agus aerfort dá bharr sin, ***agus chomh maith leis sin i gcomhthéacs scéimeanna astaíochtaí CORSIA agus CTA a chur chun feidhme***. Leis an rialachán seo, ba cheart bearta a dhéanamh ionas nach mbeidh tionchar diúltach ar iomaíochas na hearnála eitlíochta de bharr breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thabhairt isteach trí cheanglais chomhchuibhithe ar fud an Aontais a shainiú, ***lena n-áirítear sainmhínithe comhchoiteanna agus socrú comhchoiteann spriocanna ar leibhéal an Aontais***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ar an leibhéal domhanda, rialaíonn ICAO breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. ***Go háirithe, bunaíonn*** ICAO ceanglais mhionsonraithe maidir le hinbhuanaitheacht, inrianaitheacht agus cuntasaíocht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a bhíonn le húsáid ar eitiltí atá cumhdaithe ag an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Cé go socraítear dreasachtaí in CORSIA agus go meastar gur cuid thábhachtach iad breoslaí eitlíochta inbhuanaithe don obair ar a indéanta atá Cuspóir Uaillmhianach Fadtéarmach don eitlíocht idirnáisiúnta, níl aon scéim shainordaitheach ann faoi láthair maidir le húsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe le haghaidh eitiltí idirnáisiúnta. De ghnáth, cuimsítear forálacha maidir le cosaint an chomhshaoil i gcomhaontuithe aeriompair cuimsitheacha iltaobhacha nó déthaobhacha idir an tAontas nó a Bhallstáit agus tríú tíortha. ***Faoi láthair, áfach***, ní fhorchuireann forálacha den sórt sin ceanglas ceangailteach ar bith ar pháirtithe conarthacha maidir le húsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.	(10) Ar an leibhéal domhanda, rialaíonn ***agus sainíonn*** ICAO breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ***i gcás ina gcomhaontaíonn tíortha*** ceanglais mhionsonraithe maidir le hinbhuanaitheacht, inrianaitheacht agus cuntasaíocht de ***chonairí deimhnithe*** breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a bhíonn le húsáid ar eitiltí atá cumhdaithe ag an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Cé go socraítear dreasachtaí in CORSIA agus go meastar gur cuid thábhachtach iad breoslaí eitlíochta inbhuanaithe don obair ar a indéanta atá Cuspóir Uaillmhianach Fadtéarmach don eitlíocht idirnáisiúnta, níl aon scéim shainordaitheach ann faoi láthair maidir le húsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe le haghaidh eitiltí idirnáisiúnta. De ghnáth, cuimsítear forálacha maidir le cosaint an chomhshaoil i gcomhaontuithe aeriompair cuimsitheacha iltaobhacha nó déthaobhacha idir an tAontas nó a Bhallstáit agus tríú tíortha. ***Faoi láthair***, ní fhorchuireann forálacha den sórt sin ceanglas ceangailteach ar bith ar pháirtithe conarthacha maidir le húsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) Chun saobhadh iomaíochta a chosc sa mhargadh eitlíochta idirnáisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanas sreafaí trachta a nascann trí aerfoirt an Aontais agus le sceitheadh carbóin agus chun margadh domhanda breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chruthú, ba cheart do bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais a bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir leis an aistriú i dtreo breoslaí inbhuanaithe a úsáid, dul i mbun caibidlíochta idirnáisiúnta chun sainmhínithe agus caighdeáin breoslaí aeir inbhuanaithe a chomhchuibhiú agus cóineasú idirnáisiúnta a chur chun cinn maidir leis na rialacha a bhaineann le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh, a ghlacadh agus a ardú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcothóidh an tAontas a iarrachtaí ar leibhéal ICAO agus go ndéanfaidh sé a dhícheall córas domhanda uaillmhianach a bheith ann lena gcuirfear breoslaí eitlíochta inbhuanaithe chun cinn agus lena bhforálfar do chothrom iomaíochta ar bhonn idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a mholadh ag Comhthionól Ginearálta ICAO tús a chur láithreach leis an gcaibidlíocht maidir le creat beartais domhanda uaillmhianach ar leibhéal ICAO maidir le glacadh le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. A luaithe a ghlacfar creat beartais domhanda den sórt sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil forálacha an Rialacháin seo comhoiriúnach, comhsheasmhach agus comhlántach leis an gcreat domhanda agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta, rud a áiritheoidh cur chun feidhme comhleanúnach agus cothrom iomaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar forálacha coibhéiseacha ceangailteacha maidir le sainordú cumaisc le haghaidh glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chomhtháthú i gcomhaontuithe cuimsitheacha iltaobhacha agus déthaobhacha maidir le haeriompar agus aersheirbhísí. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a mheas go rialta an bhfuil éifeacht dhíobhálach ag forálacha an Rialacháin seo ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san eitlíocht, ar iomaíochas na hearnála, ar an gcothrom iomaíochta idirnáisiúnta i ndáil le haeriompróirí agus le moil aerfoirt agus ar athródú a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh sceitheadh carbóin mar thoradh air agus, i gcás inarb iomchuí, leigheasanna a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí díobhálacha sin.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Dá bhrí sin, tá gá le rialacha aonfhoirmeacha a leagadh síos don mhargadh inmheánach eitlíochta chun Treoir (AE) 2018/2001 a chomhlánú agus chun a cuspóirí foriomlána a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na ceanglais shonracha a eascraíonn as margadh inmheánach eitlíochta an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, is é is aidhm don Rialachán reatha scoilteadh an mhargaidh eitlíochta, saobhadh iomaíochta féideartha idir gníomhaithe eacnamaíocha, nó cleachtais éagóracha seachanta costais i dtaca le hoibreoirí aerárthaí a athbhreoslú a sheachaint.	(12) Dá bhrí sin, tá gá le rialacha aonfhoirmeacha a leagadh síos don mhargadh inmheánach eitlíochta chun Treoir (AE) 2018/2001 a chomhlánú agus chun a cuspóirí foriomlána a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na ceanglais shonracha a eascraíonn as margadh inmheánach eitlíochta AE ***agus breoslaí in-athnuaite san eitlíocht a chur chun cinn***. Go háirithe, is é is aidhm don Rialachán reatha scoilteadh mhargadh eitlíochta an Aontais a sheachaint, saobhadh iomaíochta féideartha idir gníomhaithe eacnamaíocha nó cleachtais éagóracha seachanta costais i dtaca le hathbhreoslú oibreoirí aerárthaí a chosc ***agus an nuálaíocht agus táirgeacht san Aontas a chur chun cinn. Tá gá le tacaíocht agus maoiniú spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith le comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhreasú chun dlús a chur le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.***

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán reatha maidir le haerárthaí atá in úsáid san eitlíocht shibhialta agus eitiltí aeriompair tráchtála ar bun acu. Níor cheart feidhm a bheith aige maidir le haerárthaí ***amhail aerárthaí*** míleata agus ***aerárthaí*** atá in úsáid chun críoch ***daonnúil, cuardaigh, tarrthála, fóirithinte anachaine nó míochaine mar aon le*** hoibríochtaí custaim, póilíneachta agus múchta tine. ***Go deimhin, is de chineál eisceachtúil eitiltí a oibrítear sna himthosca sin agus dá réir sin ní féidir iad a phleanáil i gcónaí ar an mbealach céanna le heitiltí rialta. I ngeall ar chineál a n-oibríochtaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad i gcónaí in ann na hoibleagáid faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, mar d'fhéadfadh sé a bheith ina ualach nach bhfuil gá leis.*** D'fhonn freastal ar chothrom iomaíochta ar fud mhargadh aonair eitlíochta an Aontais, ba cheart ***an sciar is mó is féidir den*** aerthrácht tráchtála a oibrítear ó aerfoirt atá lonnaithe	(15) ***Níor cheart go mbeadh feidhm*** ag an Rialachán seo ***maidir le haerárthaí atá rannpháirteach in oibríochtaí chun críoch daonnúil, cuardaigh, tarrthála, fóirithinte anachaine nó míochaine, ós rud é gur de chineál eisceachtúil iad eitiltí a oibrítear in imthosca den sórt sin agus nach féidir i gcónaí iad a phleanáil ar an gcaoi chéanna le heitiltí rialta. I ngeall ar chineál a n-oibríochtaí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad i gcónaí in ann na hoibleagáid faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, mar d'fhéadfadh sé a bheith ina ualach nach bhfuil gá leis.*** Ba cheart feidhm a bheith ***ag an Rialachán seo*** maidir le haerárthaí atá in úsáid san eitlíocht shibhialta, agus eitiltí aeriompair tráchtála ar bun acu. Níor cheart go mbeadh feidhm aige maidir le h***aerárthaí*** míleata ***ná le haerárthaí*** atá rannpháirteach in oibríochtaí custaim, póilíneachta agus múchta tine. Chun freastal ar chothrom iomaíochta ar fud mhargadh aonair eitlíochta an Aontais ***agus chun cuidiú le margadh SAF***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
ar chríoch an Aontais a chumhdach leis ***an rialachán seo***. Ag an am céanna, chun nascacht aeir a chosaint ar mhaithe le saoránaigh, gnólachtaí agus réigiúin an Aontais, ***tá sé tábhachtach*** nach gcuirfear ualach míchuí ar oibríochtaí aeriompair ag aerfoirt bheaga. ***Ba cheart tairseach bhliantúil d'aerthrácht paisinéirí agus de thrácht lasta a shainiú, tairseach ar faoina bun nach gcumhdófaí aerfoirt faoin Rialachán seo; ba cheart, áfach, 95 % ar a laghad den trácht iomlán a imíonn ó aerfoirt san Aontas a chumhdach le raon feidhme an Rialacháin. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart tairseach a shainiú chun oibreoirí aerárthaí atá freagrach as líon an-íseal imeachtaí ó aerfoirt atá lonnaithe ar chríoch an Aontais a dhíolmhú.***	***a fhorbairt agus leis an mbonneagar is gá do SAF ar fud an Aontais ina iomláine a fhorbairt***, ba cheart go gcumhdófaí leis an t-aerthrácht tráchtála ***uile*** a oibrítear ó aerfoirt atá lonnaithe ar chríoch an Aontais. Ag an am céanna, chun nascacht aeir a chosaint ar mhaithe le saoránaigh, gnólachtaí agus réigiúin an Aontais, ***chun foráil a dhéanamh maidir leis an tsolúbthacht is gá chun cur ar chumas soláthróirí breosla breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar agus aerlínte a ardú ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, agus*** chun cur ualaigh mhíchuí ar oibríochtaí aeriompair ag aerfoirt bheaga a sheachaint, ***ba cheart sásra solúbthachta, lena n-áirítear gnéithe de chóras maidir le teastais intrádála, córas ar a dtugtar córas "book & claim", a bhunú mar chéim idirthréimhseach. Chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht a chosc sa mhargadh inmheánach, tar éis na hidirthréimhse sin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo go cothrom san fhadtéarma maidir le haerfoirt uile an Aontais agus maidir le hoibreoirí aerárthaí tráchtála a éiríonn de thalamh nó a thuirlingíonn in aerfort an Aontais.***

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 15 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(15a) Tá sé bunriachtanach nach ndéanfaidh na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo difear díréireach do réigiúin Eorpacha nach bhfuil chomh nasctha sin, amhail na réigiúin oileánda agus na réigiúin is forimeallaí, a bhraitheann ar an eitlíocht go minic mar an t-aon mhodh nasctha amháin, agus go n-áiritheofar go mbeidh rochtain ag na réigiúin sin ar earraí agus seirbhísí riachtanacha. Chun cuidiú le hidirnascacht aeir na réigiún ina bhfuil níos lú roghanna malartacha iompair a choimirciú, ba cheart aird a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir le hinacmhainneacht, iomaíochas agus méaduithe a d'fhéadfadh a bheith ar phraghsanna aerbhealaí a nascann réigiúin iargúlta agus limistéir eile den Aontas.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhthiomsú an bhunábhair inbhuanaithe incháilithe chomh cuimsitheach agus is féidir, chun an cumas a uasmhéadú maidir le táirgeadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a mhéadú ar chostas inacmhainne. Níor cheart liosta na mbunábhar atá incháilithe faoin Rialachán seo a bheith statach ach ag athrú le himeacht ama chun bunábhar inbhuanaithe nua a chur san áireamh. Chun na críche sin, i gcomhréir le hAirteagal 28(6) de Threoir (AE) 2018/2001, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh, gach dhá bhliain ar a laghad, ar liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCuid A agus i gCuid B d'Iarscríbhinn IX d'fhonn bunábhar nua a chur leis. Bunábhair nua a chuirtear le hIarscríbhinn IX, ba cheart go mbeadh sé incháilithe go díreach chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh faoin Rialachán seo.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ar chúiseanna inbhuanaitheachta, níor cheart breoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia a bheith incháilithe. Tarlaíonn athrú indíreach ar an talamhúsáid go háirithe nuair a shaothraítear barra le haghaidh bithbhreoslaí seachas le haghaidh bia agus beatha mar a dhéantaí go traidisiúnta. Méadaíonn an t-éileamh breise sin ar an mbrú ar an talamh agus mar thoradh air, d'fhéadfadh sé go sínfí talamh talmhaíochta isteach i limistéir ina bhfuil stoc ardcharbóin, amhail foraoisí, bogaigh agus talamh portaigh, rud is cúis bhreise imní é maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa méadaithe agus caillteanas bithéagsúlachta. Tá sé léirithe sa taighde go mbraitheann scála na hiarmharta ar thosca éagsúla, a chuimsíonn an cineál amhábhair a úsáidtear chun breosla a tháirgeadh, an leibhéal éilimh breise ar amhábhar arna spreagadh ag úsáid bithbhreoslaí, agus a mhéid a chosnaítear talamh ar fud an domhain ar a bhfuil stoc ardcharbóin. Sainaithníodh ardriosca go mbeadh athrú indíreach ar an talamhúsáid mar thoradh ar bhithbhreoslaí, is é sin, breoslaí a táirgeadh ó amhábhar a tugadh faoi deara ina leith leathnú suntasach ar an limistéar táirgthe ionas go bhfuil sé ag brú isteach ar thalamh ar a bhfuil stoc ardcharbóin. Dá réir sin, níor cheart breoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia a chur chun cinn. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le beartas an Aontais, agus go háirithe le	(17) Ar chúiseanna inbhuanaitheachta, níor cheart breoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia, ***lena n-áirítear bithbhreoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid amhail iad siúd a dhíorthaítear ó ola phailme***, a bheith incháilithe. Tarlaíonn athrú indíreach ar an talamhúsáid go háirithe nuair a shaothraítear barra le haghaidh bithbhreoslaí seachas le haghaidh bia agus beatha mar a dhéantaí go traidisiúnta. Méadaíonn an t-éileamh breise sin ar an mbrú ar an talamh agus mar thoradh air, d'fhéadfadh sé go sínfí talamh talmhaíochta isteach i limistéir ina bhfuil stoc ardcharbóin, amhail foraoisí, bogaigh agus talamh portaigh, rud is cúis bhreise imní é maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa méadaithe agus caillteanas bithéagsúlachta. Tá sé léirithe sa taighde go mbraitheann scála na hiarmharta ar thosca éagsúla, a chuimsíonn an cineál amhábhair a úsáidtear chun breosla a tháirgeadh, an leibhéal éilimh breise ar amhábhar arna spreagadh ag úsáid bithbhreoslaí, agus a mhéid a chosnaítear talamh ar fud an domhain ar a bhfuil stoc ardcharbóin. Sainaithníodh ardriosca go mbeadh athrú indíreach ar an talamhúsáid mar thoradh ar bhithbhreoslaí, is é sin, breoslaí a táirgeadh ó amhábhar a tugadh faoi deara ina leith leathnú suntasach ar an limistéar táirgthe ionas go bhfuil sé ag brú isteach ar thalamh ar a bhfuil stoc ardcharbóin. Dá

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Treoir (AE) 2018/2001, a theorannaíonn úsáid na mbithbhreoslaí sin don iompar de bhóthar agus d'iarnród agus a leagann síos uasteorainn leo, i bhfianaise a dtairbhí níos ísle maidir leis an gcomhshaol, a bhfeidhmíocht níos ísle i dtéarmaí an laghdaithe fhéideartha ar gháis ceaptha teasa, agus cúiseanna imní níos leithne ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. I dteannta na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hathrú indíreach ar an talamhúsáid – atá in ann na laghduithe uile nó cuid de na laghduithe a bhaineann le bithbhreoslaí ar leith a chur ar neamhní – is riosca é an t-athrú indíreach ar an talamhúsáid don bhithéagsúlacht freisin. Tá an riosca sin an-tromchúiseach, go háirithe i dtaca leis an méadú mór a d'fhéadfadh a bheith ar an táirgeadh de bharr ardú nach beag ar an éileamh. Tá leibhéil ísle éilimh ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia san earnáil eitlíochta i láthair na huaire, ó tá níos mó ná 99 % de na breoslaí eitlíochta a úsáidtear faoi láthair de bhunús iontaise. Is iomchuí, mar sin, éileamh féideartha an-mhór ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia a sheachaint trí a n-úsáid faoin Rialachán seo a chur chun cinn. Maolaíonn neamh-incháilitheacht na mbithbhreoslaí ó bharra bia faoin Rialachán seo aon riosca go moilleofaí dícharbónú an iompair de bhóthar freisin, rud a d'fhéadfadh a bheith i gceist murach sin de bharr aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia ón earnáil bóithre chuig an earnáil eitlíochta. Tá sé fíor-riachtanach an t-aistriú sin a mhaolú, ós rud é gurb é an t-iompar de bhóthar go mór fada an earnáil iompair is mó truailliú fós faoi láthair.	réir sin, níor cheart breoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia a chur chun cinn. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le beartas an Aontais, agus go háirithe le Treoir (AE) 2018/2001, a theorannaíonn úsáid na mbithbhreoslaí sin don iompar de bhóthar agus d'iarnród agus a leagann síos uasteorainn leo, i bhfianaise a dtairbhí níos ísle maidir leis an gcomhshaol, a bhfeidhmíocht níos ísle i dtéarmaí an laghdaithe fhéideartha ar gháis ceaptha teasa, agus cúiseanna imní níos leithne ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. I dteannta na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le hathrú indíreach ar an talamhúsáid – atá in ann na laghduithe uile nó cuid de na laghduithe a bhaineann le bithbhreoslaí ar leith a chur ar neamhní – is riosca é an t-athrú indíreach ar an talamhúsáid don bhithéagsúlacht freisin. Tá an riosca sin an-tromchúiseach, go háirithe i dtaca leis an méadú mór a d'fhéadfadh a bheith ar an táirgeadh de bharr ardú nach beag ar an éileamh. Tá leibhéil ísle éilimh ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia san earnáil eitlíochta i láthair na huaire, ó tá níos mó ná 99 % de na breoslaí eitlíochta a úsáidtear faoi láthair de bhunús iontaise. Is iomchuí, mar sin, éileamh féideartha an-mhór ar bhithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra beatha agus bia a sheachaint trí a n-úsáid faoin Rialachán seo a chur chun cinn. Maolaíonn neamh-incháilitheacht na mbithbhreoslaí ó bharra bia faoin Rialachán seo aon riosca go moilleofaí dícharbónú an iompair de bhóthar freisin, rud a d'fhéadfadh a bheith i gceist murach sin de bharr aistriú bithbhreoslaí a dhíorthaítear ó bharra bia ón earnáil bóithre chuig an earnáil eitlíochta. Tá sé fíor-riachtanach an t-aistriú sin a mhaolú, ós rud é gurb é an t-iompar de bhóthar go mór fada an earnáil iompair is mó truailliú fós faoi láthair.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Tá faisnéis chruinn agus cheart faoi shaintréithe breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ríthábhachtach le haghaidh fheidhmiú cuí an Rialacháin seo. Chun muinín na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus chun trédhearcacht agus inrianaitheacht a áirithiú, tá soláthróirí breosla freagrach as an bhfaisnéis cheart a sholáthar maidir le saintréithe an bhreosla arna sholáthar, maidir lena shaintréithe inbhuanaitheachta agus maidir le bunadh an bhunábhair a úsáidtear i dtáirgeadh an bhreosla. Tuairiscítear an fhaisnéis sin sa Bhunachar Sonraí de chuid an Aontais a bhunaítear faoi Airteagal 28 de Threoir (AE) 2018/2001 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite). Maidir le soláthraithe breosla ar cruthaíodh gur thug siad faisnéis mhíthreorach nó mhíchruinn maidir le saintréithe agus bunadh na mbreoslaí a sholáthraíonn siad, ba cheart iad a bheith faoi réir pionóis. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh soláthróirí breosla faisnéis thráthúil agus chruinn isteach sa Bhunachar Sonraí de chuid an Aontais agus go ndéanfar an fhaisnéis sin a fhíorú agus a iniúchadh. Chun calaois a d'fhéadfadh a bheith ann a chomhrac agus ós rud é gur lasmuigh den Aontas a thagann cuid shuntasach den bhunábhar is gá chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh, ní mór do na Ballstáit, i gcomhar leis na comhlachtaí Eorpacha ábhartha, an sásra rialaithe do lastais a neartú, lena n-áirítear trí chigireachtaí ar an láthair a dhéanamh. I ndáil leis sin, foilseoidh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le deimhniú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagal 30(8) de Threoir (AE) 2018/2001 chun comhchuibhiú agus neartú breise a dhéanamh ar na rialacha maidir le hiontaofacht, trédhearcacht agus iniúchóireacht neamhspleách agus maidir le comhar údaráis inniúla na mBallstát i dtaobh maoirseacht iniúchóireachta.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Teastaíonn creat inbhuanaitheachta láidir soiléir aonair chun cinnteacht a sholáthar dóibh siúd atá gníomhach sna tionscail eitlíochta agus breoslaí, maidir le hincháilitheacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe faoin Rialachán seo. Le comhsheasmhacht le beartais AE bhainteacha eile a áirithiú, ba cheart incháilitheacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chinneadh i gcomhréir le comhlíontacht na gcritéar inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir 2018/2001 ([12]).	(18) Teastaíonn creat inbhuanaitheachta láidir soiléir aonair chun cinnteacht ***dhlíthiúil agus leanúnachas*** a sholáthar dóibh siúd atá gníomhach sna tionscail eitlíochta agus breoslaí, maidir le hincháilitheacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe faoin Rialachán seo. Le comhsheasmhacht le beartais AE bhainteacha eile a áirithiú, ba cheart incháilitheacht breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chinneadh i gcomhréir le comhlíontacht na gcritéar inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir ***(AE)*** 2018/2001 ([12]).
([12]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018L2001&from=fr	([12]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:32018L2001&from=fr

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ba cheart gurbh aidhm don Rialachán reatha é a áirithiú gur féidir le hoibreoirí aerárthaí dul san iomaíocht le chéile ar bhonn comhionannas deiseanna a mhéid a bhaineann leis an rochtain ar bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Chun aon saobhadh i margadh na n-aersheirbhísí a sheachaint, ba cheart sciartha íosta aonfhoirmeacha de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar do na haerfoirt Aontais ar fad a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Cé go bhfuil sé de shaoirse ag an margadh cainníochtaí níos mó breosla inbhuanaithe a sholáthar agus a úsáid, ba cheart don Rialachán seo a áirithiú gurb ionann na sciartha íosta éigeantacha de bhreoslaí eitlíochta sna haerfoirt ar fad a chumhdaítear. Déanann sé aon cheanglais arna mbunú go díreach nó go hindíreach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a fhorshuíomh, a cheanglaíonn ar oibreoirí aerárthaí nó soláthróirí breosla eitlíochta breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a ghlacadh nó a sholáthar a bhfuil spriocanna difriúla acu leis na cinn a fhorordaítear faoin Rialachán seo. Chun creat dlíthiúil soiléir sothuartha a chruthú, agus ar an gcaoi sin chun forbairt agus imlonnú margaidh na dteicneolaíochtaí breosla is inbhuanaithe agus is nuálaí a chur chun cinn, teicneolaíochtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis acu freastal ar riachtanais na todhchaí, ba cheart don Rialachán seo sciartha íosta de bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha a leagan síos le himeacht ama, agus na sciartha sin ag méadú de réir a chéile. Is gá fo-oibleagáid thiomnaithe maidir le breoslaí eitlíochta sintéiseacha a leagan amach i bhfianaise fhéidearthacht dícharbónaithe mhór na mbreoslaí sin, agus i bhfianaise	(19) Ba cheart gurbh aidhm don Rialachán reatha é a áirithiú gur féidir le hoibreoirí aerárthaí dul san iomaíocht le chéile ar bhonn comhionannas deiseanna a mhéid a bhaineann leis an rochtain ar bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Chun aon saobhadh i margadh na n-aersheirbhísí a sheachaint, ba cheart sciartha íosta aonfhoirmeacha de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar do na haerfoirt Aontais ar fad a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Cé go bhfuil sé de shaoirse ag an margadh cainníochtaí níos mó breosla inbhuanaithe a sholáthar agus a úsáid, ba cheart don Rialachán seo a áirithiú gurb ionann na sciartha íosta éigeantacha de bhreoslaí eitlíochta sna haerfoirt ar fad a chumhdaítear. ***Níl an fháil ar bhunábhar ná acmhainn táirgthe breosla eitlíochta inbhuanaithe neamhtheoranta. Má ghlacann roinnt Ballstát oibleagáidí níos airde ar an iomlán maidir le soláthar breosla eitlíochta inbhuanaithe ar an leibhéal náisiúnta, treiseofar an iomaíocht le haghaidh bunábhar le hearnálacha eile iompair agus fuinnimh agus d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le ganntanas soláthair i réigiúin eile. Bhainfeadh sé sin an bonn ó chumas na n-oibreoirí aerárthaí sna réigiúin sin dícharbónú a dhéanamh, agus mhéadódh sé go héagórach an costas ar na hoibreoirí aerárthaí sin maidir le comhlíonadh CTA AE go háirithe, agus thiocfadh as sin saobhadh margaidh agus míbhuntáiste foriomlán san iomaíocht. Dá bhrí sin, ba cheart spriocanna comhchoiteanna ar leibhéal an Aontais a leagan síos maidir le táirgeadh foriomlán agus maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
na gcostas táirgeachta measta a bhaineann leo faoi láthair. Nuair a tháirgtear iad ó leictreachas agus carbón inbhuanaithe a ghabhtar go díreach ón aer, tá ar chumas breoslaí eitlíochta sintéiseacha laghduithe suas le 100 % a bhaint amach ar astaíochtaí i gcomparáid le gnáthbhreosla eitlíochta. Tá buntáistí suntasacha acu freisin i gcomparáid le cineálacha eile breoslaí eitlíochta inbhuanaithe maidir le héifeachtúlacht acmhainne (go háirithe ó thaobh riachtanais uisce de) an phróisis táirgeachta. É sin ráite, áfach, meastar go bhfuil costais táirgeachta na mbreoslaí eitlíochta sintéiseacha idir trí agus sé oiread níos airde faoi láthair ná praghas margaidh an ghnáthbhreosla eitlíochta. Mar sin, ba cheart don Rialachán seo fo-oibleagáid thiomnaithe a leagan síos le haghaidh na teicneolaíochta sin. D'fhéadfaí cineálacha eile breoslaí sintéiseacha, amhail breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a bhaineann amach laghduithe arda ar gháis ceaptha teasa, a bhreith lena gcuimsiú i raon feidhme an Rialacháin seo nuair a bheidh leasuithe á ndéanamh air amach anseo, i gcás ina ndéanfar na breoslaí sin a shainmhíniú faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite.	Déanann ***an Rialachán seo*** aon cheanglais arna mbunú go díreach nó go hindíreach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach a fhorshuíomh, a cheanglaíonn ar oibreoirí aerárthaí nó soláthróirí breosla eitlíochta breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a ghlacadh nó a sholáthar a bhfuil spriocanna difriúla acu leis na cinn a fhorordaítear faoin Rialachán seo. Chun creat dlíthiúil soiléir sothuartha a chruthú, agus ar an gcaoi sin chun forbairt agus imlonnú margaidh na dteicneolaíochtaí breosla is inbhuanaithe agus is nuálaí a chur chun cinn, teicneolaíochtaí a bhfuil an acmhainneacht fáis acu freastal ar riachtanais na todhchaí, ba cheart don Rialachán seo sciartha íosta de bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha a leagan síos le himeacht ama, agus na sciartha sin ag méadú de réir a chéile. Is gá fo-oibleagáid thiomnaithe maidir le breoslaí eitlíochta sintéiseacha a leagan amach i bhfianaise fhéidearthacht dícharbónaithe mhór na mbreoslaí sin, agus i bhfianaise na gcostas táirgeachta measta a bhaineann leo faoi láthair. Nuair a tháirgtear iad ó leictreachas agus carbón inbhuanaithe a ghabhtar go díreach ón aer, tá ar chumas breoslaí eitlíochta sintéiseacha laghduithe suas le 100 % a bhaint amach ar astaíochtaí i gcomparáid le gnáthbhreosla eitlíochta. Tá buntáistí suntasacha acu freisin i gcomparáid le cineálacha eile breoslaí eitlíochta inbhuanaithe maidir le héifeachtúlacht acmhainne (go háirithe ó thaobh riachtanais uisce de) an phróisis táirgeachta. É sin ráite, áfach, meastar go bhfuil costais táirgeachta na mbreoslaí eitlíochta sintéiseacha idir trí agus sé oiread níos airde faoi láthair ná praghas margaidh an ghnáthbhreosla eitlíochta. Mar sin, ba cheart don Rialachán seo fo-oibleagáid thiomnaithe a leagan síos le haghaidh na teicneolaíochta sin. D'fhéadfaí cineálacha eile breoslaí sintéiseacha, amhail breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a bhaineann amach laghduithe arda ar gháis ceaptha teasa, a bhreith lena gcuimsiú i raon feidhme an Rialacháin seo nuair a bheidh leasuithe á ndéanamh air amach anseo, i gcás ina ndéanfar na breoslaí sin a shainmhíniú faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite. ***Ina theannta sin, féadfaidh ról tábhachtach a bheith ag breoslaí eitlíochta sintéiseacha ag a bhfuil CO_2 arna dhíorthú ó ghabháil ón aer mar gheall ar a gcumas carbón a aimsiú go hinbhuanaithe agus ba cheart iad a chur chun cinn tuilleadh***.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Níl an fháil ar bhunábhar ná acmhainn táirgthe breosla eitlíochta inbhuanaithe neamhtheoranta. D'fhéadfadh ganntanas soláthair agus saobhadh margaidh a bheith mar thoradh ar iomaíocht threisithe le haghaidh bunábhar teoranta, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar iomaíochas na hearnála eitlíochta ina hiomláine. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú agus ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais chomhchuibhithe ar fud an Aontais maidir leis an sciar íosta de ghlacadh SAF. Mar sin féin, agus a áirithiú go mbainfear amach na sciartha toirte arna gcomhchuibhiú san Aontas i gcomhréir le hIarscríbhinn I, féadfaidh na Ballstáit bearta náisiúnta, beartais tacaíochta agus tionscnaimh a dhéanamh lena ndírítear ar mhéadú a dhéanamh ar an leibhéal táirgthe agus glactha breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear breoslaí eitlíochta sintéiseacha, ar a gcríoch, mar shampla trí thacaíocht airgeadais a sholáthar. Ba cheart do ghníomhaíochtaí náisiúnta den sórt sin a bheith trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus de chineál ginearálta a bheidh oscailte do gach fiontar. Thairis sin, ós rud é nach sainíonn an Rialachán seo sciar uasta breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, féadfaidh aerlínte agus soláthróirí breosla beartais chomhshaoil níos uaillmhianaí a shaothrú, lena mbeadh glacadh agus soláthar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe níos fearr ina líonra foriomlán oibríochtaí, agus forlíonadh na n-umar breosla á sheachaint ag an am céanna. Chuige sin, d'fhéadfadh aerlínte agus soláthróirí breosla, trí bhíthin socruithe conarthacha, teacht ar chomhaontú chun gealltanais fhrithpháirteacha maidir le cainníochtaí réamhchinntithe breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh, a sholáthar agus a cheannach, lena n-áirítear iad siúd a sháraíonn na sciartha toirte íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Féadfaidh socruithe conarthacha den sórt sin dliteanas a chumhdach freisin agus coinníollacha a bhunú le haghaidh cúiteamh airgeadais i gcásanna neamhsheachadta.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 19 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19b) Is féidir ról tábhachtach a bheith ag éileamh tomhaltóirí san fhorbairt i dtreo eitlíocht níos inbhuanaithe. Chun go mbeidh tomhaltóirí in ann rogha eolasach a dhéanamh, áfach, is gá faisnéis níos láidre, níos iontaofa, níos neamhspleáiche agus níos comhchuibhithe a bheith ann maidir le tionchar na n-eitiltí ar an gcomhshaol, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta na Straitéise um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste. Chuige sin, ba cheart córas cuimsitheach lipéadaithe de chuid an Aontais maidir le feidhmíocht chomhshaoil na heitlíochta a bhunú ar córas é lenar féidir faisnéis shoiléir, thrédhearcach, chuimsitheach, sholáimhsithe agus shothuigthe faoi fheidhmíocht chomhshaoil na heitlíochta a sholáthar d'úsáideoirí seirbhísí eitlíochta. Spreagfaidh sé sin na roghanna a dhéanann tomhaltóirí agus déanfaidh sé úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus bearta inbhuanaitheachta eile ag oibreoirí aerárthaí a chur chun cinn tuilleadh. Tá Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) freagrach cheana as deimhniúchán comhshaoil aerárthaí agus bhí sí ag obair i gcomhar le geallsealbhóirí chun córas lipéadaithe comhshaoil a fhorbairt don eitlíocht lena gcumhdófaí aerárthaí, oibreoirí aerárthaí agus eitiltí tráchtála. Ba cheart a chur de chúram ar EASA tuilleadh forbartha, cur chun feidhme agus feidhmiú an chórais sin a dhéanamh chun neamhspleáchas, stóinseacht theicniúil agus sineirgí le bearta eile de chuid an Aontais a áirithiú.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú gur féidir sciartha íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar go rathúil don mhargadh eitlíochta gan aon ghanntanas soláthair. Chun na críche sin, ba cheart aga tionscanta leordhóthanach a phleanáil chun cur ar chumas an tionscail breoslaí inbhuanaithe an acmhainneacht táirgeachta a fhorbairt dá réir. Ba cheart soláthar na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe ***a bheith sainordaitheach*** ó 2025 amach. Ar an gcaoi chéanna, chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a sholáthar don mhargadh agus chun infheistíochtaí a bhrú go marthanach i dtreo acmhainneacht táirgeachta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ba cheart téarmaí an Rialacháin seo a bheith cobhsaí le linn tréimhse fhada ama.	(20) Tá sé fíor-riachtanach a áirithiú gur féidir sciartha íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar go rathúil don mhargadh eitlíochta gan aon ghanntanas soláthair. Chun na críche sin, ba cheart aga tionscanta leordhóthanach a phleanáil ***agus sásra solúbthachta a chur ar bun*** chun cur ar chumas an tionscail breoslaí inbhuanaithe an acmhainneacht táirgeachta a fhorbairt dá réir ***agus chun lamháil do sholáthraithe breosla eitlíochta agus d'oibreoirí aerárthaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh ar an mbealach is costéifeachtaí is féidir, gan uaillmhianta foriomlána comhshaoil an Rialacháin seo a laghdú***. Ba cheart soláthar na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe ***a thosú*** in 2025, ***leis an tsolúbthacht dá bhforáiltear i sásra solúbthachta SAF***. Ar an gcaoi chéanna, chun deimhneacht dhlíthiúil agus intuarthacht a sholáthar don mhargadh agus chun infheistíochtaí a bhrú go marthanach i dtreo acmhainneacht táirgeachta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ba cheart téarmaí an Rialacháin seo a bheith cobhsaí le linn tréimhse fhada ama.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Mar thoradh ar thabhairt isteach breoslaí eitlíochta inbhuanaithe in aerfoirt Aontais agus an borradh a bheidh fúthu, d'fhéadfadh cleachtais fhorlíonadh na n-umar breosla a bheith níos forleithne de dheasca méaduithe ar chostas an bhreosla eitlíochta. Tá na cleachtais forlíonta umar neamh-inbhuanaithe agus ba cheart iad a sheachaint mar go ndéanann siad dochar d'iarrachtaí an Aontais tionchar an iompair ar an gcomhshaol a laghdú. Thiocfadh na cleachtais sin salach ar na cuspóirí dícharbónaithe eitlíochta mar go méadódh meáchan breise an aerárthaigh ar an ídiú breosla agus ar na hastaíochtaí bainteacha i gcás aon eitilt. Is riosca iad na cleachtais forlíonta umar freisin don chothroime iomaíochta san Aontas idir oibreoirí aerárthaí, agus idir aerfoirt chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo ceanglas a chur ar oibreoirí aerárthaí athbhreoslú roimh imeacht dóibh ó aerfort ar leith de chuid an Aontais. An méid breosla a chuirtear ar bord roimh imeachtaí ó aerfort ar leith de chuid an Aontais, ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an méid breosla a theastaíonn chun na heitiltí ón aerfort sin a oibriú, agus comhlíontacht riachtanach na rialacha maidir le sábháilteacht breosla á cur san áireamh. Áirithíonn an ceanglas go mbeidh coinníollacha comhionanna ann maidir le hoibríochtaí san Aontas le haghaidh oibreoirí Aontais agus oibreoirí tríú tír araon, agus áirithíonn sé ardleibhéal cosanta comhshaoil san am céanna. Toisc nach sainíonn an Rialachán sciar uasta breoslaí eitlíochta inbhuanaithe i ngach breosla eitlíochta, féadfaidh aerlínte agus soláthróirí breosla beartais chomhshaoil níos uaillmhianaí a shaothrú, lena mbeadh glacadh agus soláthar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe níos fearr ina líonra foriomlán oibríochtaí, agus forlíonadh na n-umar breosla á sheachaint.	(21) Mar thoradh ar thabhairt isteach breoslaí eitlíochta inbhuanaithe in aerfoirt Aontais agus an borradh a bheidh fúthu, d'fhéadfadh cleachtais fhorlíonadh na n-umar breosla ***ar chúiseanna eacnamaíocha*** a bheith níos forleithne de dheasca méaduithe ar chostas an bhreosla eitlíochta. Tá na cleachtais forlíonta umar ***ar chúiseanna eacnamaíocha*** neamh-inbhuanaithe agus ba cheart iad a sheachaint mar go ndéanann siad dochar d'iarrachtaí an Aontais tionchar an iompair ar an gcomhshaol a laghdú. Thiocfadh na cleachtais sin salach ar na cuspóirí dícharbónaithe eitlíochta mar go méadódh meáchan breise an aerárthaigh ar an ídiú breosla agus ar na hastaíochtaí bainteacha i gcás aon eitilt. Is riosca iad na cleachtais forlíonta umar freisin don chothroime iomaíochta san Aontas idir oibreoirí aerárthaí, agus idir aerfoirt chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo ceanglas a chur ar oibreoirí aerárthaí athbhreoslú roimh imeacht dóibh ó aerfort ar leith de chuid an Aontais. An méid breosla a chuirtear ar bord roimh imeachtaí ó aerfort ar leith de chuid an Aontais, ba cheart é a bheith i gcomhréir leis an méid breosla a theastaíonn chun na heitiltí ón aerfort sin a oibriú, agus comhlíontacht riachtanach na rialacha maidir le sábháilteacht breosla á cur san áireamh. Áirithíonn an ceanglas go mbeidh coinníollacha comhionanna ann maidir le hoibríochtaí san Aontas le haghaidh oibreoirí Aontais agus oibreoirí tríú tír araon, agus áirithíonn sé ardleibhéal cosanta comhshaoil san am céanna. Toisc nach sainíonn an Rialachán sciar uasta breoslaí eitlíochta inbhuanaithe i ngach breosla eitlíochta, féadfaidh aerlínte agus soláthróirí breosla beartais chomhshaoil níos uaillmhianaí a shaothrú, lena mbeadh glacadh agus soláthar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe níos fearr ina líonra foriomlán oibríochtaí, agus forlíonadh na n-umar breosla á sheachaint. ***Chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'eitiltí laistigh den Aontas agus d'eitiltí lasmuigh den Aontas araon, ba cheart don Choimisiún faireachán, meastóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar chásanna d'fhorlíonadh na n-umar breosla.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Cabhróidh glacadh breise de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, a mbíonn tiúchan aramatach níos ísle agus cion sulfair níos ísle acu go hiondúil, le tionchair aeráide neamh-CO2 a laghdú. D'fhéadfadh laghdú breise ar an gcion aramatach agus ar an gcion sulfair i mbreoslaí eitlíochta foirmiú ciorras conaire comhdhlúthaithe a laghdú, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir sna haerfoirt agus timpeall orthu, agus cáilíocht an bhreosla a mhéadú chun leasa na n-aerlínte, trí ard-dlús fuinnimh agus trí chostais chothabhála níos ísle mar gheall ar leibhéil níos ísle súiche. Ní mór, áfach, tiúchan aramatach i mbreoslaí eitlíochta a laghdú agus, ag an am céanna, cloí leis na rialacha idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht breosla agus cothrom iomaíochta idirnáisiúnta a chaomhnú. Dá bhrí sin, ba cheart do EASA faireachán a dhéanamh ar an gcion aramatach agus sulfair i ngnáthbhreoslaí eitlíochta. Ba cheart don Choimisiún, faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar bhearta féideartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha agus caighdeáin cáilíochta breosla chun an cion aramatach i mbreosla eitlíochta a bharrfheabhsú.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 21 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	***(21b) Chomh maith leis na héifeachtaí téimh aeráide a bhíonn ag an eitlíocht, bíonn drochthionchar aige freisin ar cháilíocht an aeir. Is iad na truailleáin is suntasaí ábhar cáithníneach (PM), lena n-áirítear cáithníní sármhíne, ocsaídí nítrigine (NOX) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (VOCanna), agus cuid de na príomhthruailleáin sin ag táirgeadh truailleán eile** ([1a])**. Cé go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar éifeachtaí sláinte na gcáithníní sármhíne, léiríodh le roinnt staidéar éifeachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann le nochtadh do cháithníní sármhíne, lena n-áirítear básmhaireacht, galar cardashoithíoch, galar iscéimeach croí agus galracht scamhógach** ([1b])**. Cuireann aerthruailliú freisin le cailliúint na bithéagsúlachta trí dhamáiste a dhéanamh d'éiceachórais.**

([1a]) ***EASA, aviation and air pollution: https://www.easa.europa.eu/eaer/topics/adapting-changing-climate/air-quality***

([1b]) ***Treoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir ar Domhan 2021: https://apps.who.int/iris/bitstream/handle/10665/345329/9789240034228-eng.pdf?sequence=1&isAllowed=y***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) ***Na haerfoirt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh*** a áirithiú go gcuirtear an bonneagar uile ar fáil a theastaíonn le haghaidh seachadadh, stóráil agus athbhreoslú breosla eitlíochta inbhuanaithe, sa chaoi nach gcruthófar bac i ndáil le glacadh an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sin. Más gá, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann ceanglas a chur ar aerfort de chuid an Aontais faisnéis a chur ar fáil faoina bhfuil ann de bhonneagar, rud a dhéanfaidh dáileadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe níos éasca ar oibreoirí aerárthaí, agus a ligfidh dóibh athbhreoslú leo, gan uaim, le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Ba cheart go ligfeadh ról na Gníomhaireachta d'aerfoirt agus d'aerlínte pointe fócasach coiteann a bheith acu, i gcás ina dteastaíonn soiléiriú teicniúil maidir le hinfhaighteacht bonneagair breosla.	(22) ***Tá sé tábhachtach a*** áirithiú go gcuirtear an bonneagar uile ar fáil a theastaíonn le haghaidh seachadadh, stóráil agus athbhreoslú breosla eitlíochta inbhuanaithe, ***mar aon le rochtain leanúnach agus gan bhriseadh do sholáthróirí breosla ar bhonneagar breosla iompair***, sa chaoi nach gcruthófar bac i ndáil le húsáid an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sin. ***Ba cheart go dtabharfaí aird chuí sa Rialachán seo ar na samhlacha éagsúla rialachais d'aerfoirt ar fud an Aontais. Ba cheart d'aerfoirt a chumhdaítear leis an Rialachán seo, nó, i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistíochta ábhartha bhonneagar láraithe an aerfoirt dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 96/67/CE ón gComhairle ("an Treoir maidir le Seirbhísí Láimhseála ar an Talamh"), na bearta uile is gá a dhéanamh chun soláthar an bhonneagair is gá a éascú chun na breoslaí eitlíochta inbhuanaithe sin a sheachadadh, a stóráil agus a ardú agus chun rochtain a bheith ag oibreoirí aerárthaí orthu. I gcás ina nglacfaidh eintiteas seachas aerfort de chuid an Aontais, nó i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistithe aerfoirt, de bhun socruithe conarthacha, an fhreagracht deiridh as bonneagar breosla a sholáthar ag aerfort de chuid an Aontais, ba cheart an t-eintiteas sin a bheith freagrach faoin socrú conarthach maidir leis an oibleagáid faoi Airteagal 6 den Rialachán seo a chomhlíonadh***. Más gá, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann ceanglas a chur ar aerfort de chuid an Aontais faisnéis a chur ar fáil faoina bhfuil ann de bhonneagar, rud a dhéanfaidh dáileadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe níos éasca ar oibreoirí aerárthaí, agus a ligfidh dóibh athbhreoslú leo, gan uaim, le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Ba cheart go ligfeadh ról na Gníomhaireachta d'aerfoirt agus d'aerlínte pointe fócasach coiteann a bheith acu, i gcás ina dteastaíonn soiléiriú teicniúil maidir le hinfhaighteacht bonneagair breosla. ***Nuair a thiocfaidh aerárthaí leictreacha nó aerárthaí faoi thiomáint hidrigine in aibíocht agus ar fáil ar bhonn tráchtála, beidh sé riachtanach go ndéanfaidh aerfoirt a chumhdaítear leis an Rialachán seo na bearta go léir is gá chun bonneagar iomchuí a éascú maidir le hidrigin agus athluchtú leictreach d'aerárthaí, i gcomhréir le plean imlonnaithe an chreata beartais náisiúnta faoi seach, mar a leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid. Thairis sin, ba cheart soláthar leictreachais d'aerárthaí ina stad a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán XXX [Rialachán AFIR].***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 22 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(22 a) ***Déantar breosla eitlíochta a sholáthar do go leor aerfort san Aontas go príomha trí phíblínte ó scaglanna nó ó stáisiúin chumaisc, láithreacha ar gá gurb iontu a dhéantar SAF a chumasc chun sonraíochtaí sábháilteachta agus inbhuanaitheachta a chomhlíonadh. Ba cheart go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá ionas go mbeidh rochtain leanúnach gan bhriseadh ag soláthróirí breosla eitlíochta ar bhonneagar breoslaí eitlíochta sibhialta chun gnáthbhreoslaí eitlíochta agus breoslaí eitlíochta ina bhfuil sciartha breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar. Maidir le SAF a sheachadadh chuig aerfoirt an Aontais i gcainníochtaí leordhóthanacha chun na forálacha atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a chomhlíonadh agus an seachadadh sin á dhéanamh trí mhodhanna malartacha amhail ar bhóthar/thrucail ó scaglanna agus ó stáisiúin chumaisc, níl sé indéanta ó thaobh lóistíochta de, go praiticiúil agus ó thaobh costais agus pionóis CO2 de. Beidh sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as na píblínte sin in éineacht le píblínte atá faoi úinéireacht soláthróirí breosla – i gcás gur ann dóibh – chomh maith le saoráidí iarnróid atá i bhfeidhm cheana féin, chun an t-íosmhéid SAF a cheanglaítear faoin Rialachán seo a sheachadadh.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Ba cheart ceangal a chur ar oibreoirí aerárthaí tuairisciú ar bhonn bliantúil maidir leis an méid iarbhír breosla eitlíochta a thógann siad ar bord in aghaidh an aerfoirt Aontais, chun a chruthú nach ndearnadh aon fhorlíonadh breosla. Ba cheart na tuarascálacha a bheith fíoraithe ag fíoraitheoirí neamhspleácha agus a bheith tarchurtha chuig an nGníomhaireacht le go ndéanfaí measúnú agus faireacháin ar chomhlíontacht. Ba cheart uirlis arna formheas ag an gCoimisiún a bheith ar fáil ag fíoraitheoirí chun cruinneas na riachtanas bliantúil a thuairiscíonn oibreoirí maidir le breosla eitlíochta a chinneadh.	(24) Ba cheart ceangal a chur ar oibreoirí aerárthaí tuairisciú ar bhonn bliantúil maidir leis an méid iarbhír breosla eitlíochta a thógann siad ar bord in aghaidh an aerfoirt Aontais, chun a chruthú nach ndearnadh aon fhorlíonadh umar breosla ***ar chúiseanna eacnamaíocha***. Ba cheart na tuarascálacha a bheith fíoraithe ag fíoraitheoirí neamhspleácha agus a bheith tarchurtha chuig an nGníomhaireacht le go ndéanfaí measúnú agus faireacháin ar chomhlíontacht. Ba cheart uirlis arna formheas ag an gCoimisiún a bheith ar fáil ag fíoraitheoirí chun cruinneas na riachtanas bliantúil a thuairiscíonn oibreoirí maidir le breosla eitlíochta a chinneadh.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) Mar thoradh ar shainordú a thabhairt isteach san Aontas maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh míbhuntáiste iomaíochta míchuí ann d'aerlínte AE a oibríonn eitiltí cianaistir dhíreacha ó aerfort de chuid an Aontais i gcomparáid lena n-iomaitheoirí a nascann trí mhol aerfoirt lasmuigh den Aontas. Chun glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe san Aontas a chur chun cinn tuilleadh, a dtuartar go mbeidh difríocht shuntasach praghsanna ag baint leo i gcomparáid leis an ngnáthbhreosla amach anseo, ba cheart go mbeadh aerlínte in ann lamháltais saor in aisce a éileamh do chur ar bord breoslaí eitlíochta inbhuanaithe faoin scéim ETS.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Tá sé fíor-riachtanach d'oibreoirí aerárthaí a bheith in ann úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a éileamh faoi scéimeanna gás ceaptha teasa amhail Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais nó an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA). Tá sé fíor-riachtanach, áfach, nach mbeadh comhaireamh dúbailte na laghduithe ar astaíochtaí ann mar thoradh ar an rialachán seo. Níor cheart d'oibreoirí aerárthaí a bheith in ann sochair a éileamh ach aon uair amháin as úsáid baisc chomhionainn breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Ba cheart iarraidh ar sholáthróirí breosla aon fhaisnéis a sholáthar d'oibreoirí aerárthaí saor in aisce a bhaineann le saintréithe an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe a díoladh leis an oibreoir aerárthaí sin agus atá ábhartha chun críoch tuairiscithe ag an oibreoir aerárthaí faoin Rialachán seo nó faoi scéimeanna gás ceaptha teasa.	(27) ***Chun glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a spreagadh, a bhfuil difríocht mhór praghsanna orthu i gcomparáid le gnáthbhreoslaí***, tá sé fíor-riachtanach d'oibreoirí aerárthaí a bheith in ann úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a éileamh faoi scéimeanna gás ceaptha teasa amhail Córas AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí nó CORSIA, ag brath ar bhealach a gcuid eitiltí. Tá sé fíor-riachtanach, áfach, nach mbeadh comhaireamh dúbailte na laghduithe ar astaíochtaí ann mar thoradh ar an rialachán seo. Níor cheart d'oibreoirí aerárthaí a bheith in ann sochair a éileamh ach aon uair amháin as úsáid baisc chomhionainn breoslaí eitlíochta inbhuanaithe. Ba cheart iarraidh ar sholáthróirí breosla aon fhaisnéis a sholáthar d'oibreoirí aerárthaí saor in aisce a bhaineann le saintréithe an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe a díoladh leis an oibreoir aerárthaí sin agus atá ábhartha chun críoch tuairiscithe ag an oibreoir aerárthaí faoin Rialachán seo nó faoi scéimeanna gás ceaptha teasa.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Chun cothroime iomaíochta an mhargaidh eitlíochta inmheánaigh agus comhlíonadh uaillmhianta aeráide an Aontais a áirithiú, ba cheart don Rialachán seo pionóis éifeachtacha, chuí agus athchomhairleacha a ghearradh ar sholáthróirí breosla eitlíochta agus ar oibreoirí aerárthaí i gcás neamhchomhlíontachta. Ní mór leibhéal na bpionós a bheith i gcomhréir leis an damáiste don chomhshaol agus leis an dochar do chothroime iomaíochta an mhargaidh inmheánaigh de dheasca na neamhchomhlíontachta. Nuair a bhíonn fíneálacha riaracháin á bhforchur, ba cheart do na húdaráis forás phraghas an bhreosla eitlíochta agus an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sa bhliain tuairiscithe a chur san áireamh.	(28) Chun cothroime iomaíochta an mhargaidh eitlíochta inmheánaigh agus comhlíonadh uaillmhianta aeráide an Aontais a áirithiú, ba cheart don Rialachán seo pionóis éifeachtacha, chuí agus athchomhairleacha a ghearradh ar sholáthróirí breosla eitlíochta agus ar oibreoirí aerárthaí i gcás neamhchomhlíontachta. Ní mór leibhéal na bpionós a bheith i gcomhréir leis an damáiste don chomhshaol agus leis an dochar do chothroime iomaíochta an mhargaidh inmheánaigh de dheasca na neamhchomhlíontachta. Nuair a bhíonn fíneálacha riaracháin ***agus pionóis eile*** á bhforchur, ba cheart do na húdaráis forás phraghas an bhreosla eitlíochta agus an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sa bhliain tuairiscithe a chur san áireamh ***agus d'fhéadfadh siad méid an neamhchomhlíonta a chur san áireamh freisin, mar shampla i gcás sáruithe a dhéantar arís agus arís eile***.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Na pionóis ar sholáthróirí nach n-éiríonn leo na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart iad a fhorlíonadh leis an riachtanas, na cainníochtaí atá ag teastáil a chur ar fáil don mhargadh chun an cuóta a bhaint amach an bhliain dár gcionn.	(29) Na pionóis ar sholáthróirí nach n-éiríonn leo na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart iad a fhorlíonadh leis an riachtanas, na cainníochtaí atá ag teastáil a chur ar fáil don mhargadh chun an cuóta a bhaint amach an bhliain dár gcionn. ***Mar sin féin, chun pionós dúbailte míchuí a sheachaint i gcásanna nach bhfuil smacht díreach ag an soláthróir breosla orthu, níor cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid maidir leis an easnamh a sholáthar don mhargadh nuair a mheasann an Coimisiún gur easpa acmhainní a bheith ar fáil is cúis leis an easnamh sin.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29a) Chun aistriú rathúil chuig eitlíocht inbhuanaithe a bhaint amach, tá gá le cur chuige comhtháite agus leis an timpeallacht chumasúcháin iomchuí chun nuálaíocht a spreagadh, lena mbaineann infheistíocht phoiblí agus phríobháideach araon sa taighde agus san fhorbairt, agus tacaíocht a spreagadh d'ath-imlonnú, d'athsciliú agus d'uas-sciliú oibrithe, chomh maith le bearta teicneolaíocha agus oibríochtúla, agus imlonnú na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear an bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe is gá in aerfoirt, agus céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh. Chun na críche sin, ba cheart an t-ioncam a ghintear leis na pionóis faoin Rialachán seo a leithdháileadh ar Chiste nua Eitlíochta Inbhuanaithe. Thairis sin, trí Chomhghuaillíocht Eorpach SAF a bhunú, ar bhonn deonach agus faoi chomhordú an Choimisiúin, laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, d'fhéadfaí cabhrú le forbairt bhreise agus méadú ar tháirgeadh SAF san Eoraip a chothú, inter alia trí shlabhra iomlán an luacha thionsclaíoch a thabhairt le chéile, trí leathadh amach na dteicneolaíochtaí is nuálaí a spreagadh agus trí bheartais agus forbairtí sa mhargadh a shainaithint, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíochta á chur san áireamh.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29 b) Beidh ról suntasach ag an taighde agus ag an nuálaíocht i dtaobh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus sintéiseacha a fhorbairt agus acmhainn táirgeachta a fhorbairt. Ba cheart tosaíocht infheistíochta faoi seach a leagan síos go soiléir laistigh de na cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais arna sainaithint ag an gCoimisiún.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29c) Ní mór forbairt agus táirgeadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a mhéadú i bhfad níos mó sna blianta atá le teacht. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i dtáirgeadh tionscadal breosla eitlíochta inbhuanaithe mar go gcuirtear deis chomhshaoil agus tionsclaíoch araon ar fáil leo. Ba cheart táirgeadh breoslaí aeir inbhuanaithe a dhíriú laistigh den Aontas, rud a chruthódh deiseanna tionsclaíocha, saothair agus taighde sna Ballstáit uile.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart forálacha a chuimsiú leis an Rialachán seo maidir le tuarascálacha tréimhsiúla le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar fhorás na margaí eitlíochta agus breoslaí, ar éifeachtacht phríomh-shaintréithe an Rialacháin, amhail sciartha íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ar leibhéal na bhfíneálacha riaracháin nó ar fhorbairtí beartais maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta. Is den ríthábhacht na heilimintí sin chun staid imeartha shoiléir a sholáthar maidir le margadh na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus ba cheart iad a chur san áireamh agus leasú ar an Rialachán á bhreith.	(30) Ba cheart forálacha a chuimsiú leis an Rialachán seo maidir le tuarascálacha tréimhsiúla le haghaidh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar fhorás na margaí eitlíochta agus breoslaí, ar éifeachtacht phríomh-shaintréithe an Rialacháin, amhail sciartha íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, ar leibhéal na bhfíneálacha riaracháin nó ar fhorbairtí beartais maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, ***agus aird chuí á tabhairt ar an bprionsabal "ceann amháin isteach, ceann amháin amach"agus ar aidhm an tsimplithe rialála***. Is den ríthábhacht na heilimintí sin chun staid imeartha shoiléir a sholáthar maidir le margadh na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus ba cheart iad a chur san áireamh agus leasú ar an Rialachán á bhreith.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Ba cheart idirthréimhse ***5*** bliana ***a chur ar fáil*** chun tréimhse réasúnta ama a éascú ***do sholáthróirí breosla eitlíochta, aerfoirt Aontais agus oibreoirí aerárthaí*** chun na hinfheistíochtaí riachtanacha teicneolaíochta agus lóistíochta a dhéanamh. I rith na céime sin, ***is féidir leas a bhaint as*** breosla eitlíochta ina bhfuil sciartha níos airde breosla eitlíochta inbhuanaithe mar chúiteamh ar sciartha níos ísle breosla eitlíochta inbhuanaithe nó infhaighteacht laghdaithe gnáthbhreosla eitlíochta in aerfoirt ***eile***.	(31) ***Ba cheart sásra solúbthachta a chur ar bun le*** hidirthréimhse ***10*** mbliana ***ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le soláthróirí breosla agus oibreoirí aerárthaí*** ionas go mbeidh tréimhse réasúnta ama ***acu*** chun na hinfheistíochtaí riachtanacha teicneolaíochta agus lóistíochta a dhéanamh. I rith na céime sin, ***féadfar gnéithe de chóras maidir le teastais intrádála, córas ar a dtugtar córas "book & claim" a úsáid***, lena gceadófar do sholáthróirí breosla eitlíochta breosla a úsáid ina bhfuil sciartha níos airde breosla eitlíochta inbhuanaithe mar chúiteamh ar sciartha níos ísle breosla eitlíochta inbhuanaithe nó infhaighteacht laghdaithe gnáthbhreosla eitlíochta ag aerfoirt ***bheaga nó*** ag aerfoirt ***atá srianta ó thaobh lóistíochta de, agus d'oibreoirí aerárthaí teastas a cheannach atá nasctha le méid SAF arna fháil, agus ardleibhéal sláine comhshaoil á ráthú ag an am céanna. Leis an sásra solúbthachta sin, chabhrófaí freisin le hidirnascacht aeir a choimirciú trí chosc a chur le difear díréireach a dhéanamh do réigiúin Eorpacha nach bhfuil chomh nasctha sin agus a bhfuil níos lú roghanna malartacha iompair acu. Chun cosc a chur ar ghníomhaithe sa mhargadh mí-úsáid a bhaint as aon cheannasacht a d'fhéadfadh a bheith ann sa mhargadh, ba cheart don Choimisiún lánúsáid a bhaint as a chumhachtaí iomaíochta faoi Airteagal 102 CFAE le linn na hidirthréimhse sin. Tar éis na hidirthréimhse 10 mbliana sin, chun saobhadh míchuí ar an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a chosc, ba cheart sciar íosta aonfhoirmeach de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar d'aerfoirt uile an Aontais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.***

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31 a) Chun spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2050 agus an sprioc 1,5 °C de Chomhaontú Pháras a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún treochlár a fhorbairt maidir le conas agus cén uair a dhéanfar eitlíocht saor ó iontaisí a bhaint amach.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 31 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31 b) Beidh éifeacht thánaisteach freisin ag an aistriú chuig breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, go laghdófar spleáchas ar allmhairí breosla iontaise ó thríú tíortha, rud a mhéadóidh slándáil fuinnimh an Aontais. Leis an staid pholaitiúil idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, cuirtear béim ar an ngá atá leis an mbeart sin.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ábhar	Ábhar ***agus cuspóir***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaí, aerfoirt an Aontais agus soláthróirí breosla eitlíochta.	Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaí, aerfoirt an Aontais, ***nó i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistithe aerfoirt***, agus soláthróirí breosla eitlíochta.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— ciallaíonn "Aerfort de chuid an Aontais" aerfort mar a shainmhínítear in Airteagal ***2(2)*** de Threoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), ***i gcás ina raibh trácht paisinéirí níos airde ná 1 mhilliún paisinéir nó i gcás ina raibh an trácht lasta níos airde ná 100 000 tona sa tréimhse tuairiscithe, agus*** i gcás nach bhfuil sé suite i réigiún is forimeallaí, mar a liostaítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;	— ciallaíonn "Aerfort de chuid an Aontais" aerfort mar a shainmhínítear in Airteagal ***2(1)*** de Threoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), ***nach*** bhfuil suite i réigiún is forimeallaí, mar a liostaítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ***nó aerfort atá suite i réigiún is forimeallaí ar tugadh fógra don Choimisiún, don Ghníomhaireacht agus do na húdaráis inniúla gur aerfort de chuid an Aontais é***.
([13]) Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt.	([13]) Treoir 2009/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le muirir aerfoirt.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— ciallaíonn "oibreoir aerárthaí" duine a d'oibrigh ar a laghad ***729*** n-eitilt aeriompair tráchtála a d'imigh ó aerfoirt de chuid an Aontais sa tréimhse tuairiscithe nó, i gcás nach bhféadfar an duine sin a shainaithint, úinéir na n-aerárthaí;	— ciallaíonn "oibreoir aerárthaí" duine a d'oibrigh ar a laghad ***52*** eitilt aeriompair tráchtála a d'imigh ó aerfoirt de chuid an Aontais sa tréimhse tuairiscithe nó, i gcás nach bhféadfar an duine sin a shainaithint, úinéir an aerárthach, ***nó duine a d'oibrigh eitiltí aeriompair a d'imigh ó aerfort de chuid an Aontais, a d'iarr ar an gCoimisiún go ndéileálfaí leis mar oibreoir aerárthaí chun críche an Rialacháin seo agus a chuir an Coimisiún, an Ghníomhaireacht agus na húdaráis inniúla ar an eolas dá réir sin;***

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— ***ciallaíonn "comhlacht bainistithe aerfoirt" comhlacht bainistithe de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 96/67/CE, nó comhlacht eile a bhfuil bainistiú na mbonneagar láraithe le haghaidh córais dáileacháin breosla forchoimeádta ag an mBallstát lena mbaineann dó de bhun Airteagal 8 de Threoir 96/67/CE;***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— ciallaíonn "breoslaí eitlíochta inbhuanaithe" ("SAF") breoslaí eitlíochta ***intiteáin*** is breoslaí eitlíochta sintéiseacha, bithbhreoslaí forbartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe 34 de Threoir (AE) 2018/2001, nó bithbhreoslaí arna dtáirgeadh ón amhábhar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir sin, a chomhlíonann an inbhuanaitheacht agus na critéir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) den Treoir sin agus atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin;	— ciallaíonn "breoslaí eitlíochta inbhuanaithe" ("SAF") breoslaí eitlíochta arb é atá iontu: breoslaí eitlíochta sintéiseacha, breoslaí leachtacha agus gásacha a tháirgtear ó ghás ***próiseála dramhaíola agus gás sceite de thionscnamh neamh-inathnuaite agus a tháirgtear mar thoradh dosheachanta agus neamhbheartaithe ar an bpróiseas táirgthe i suiteálacha tionsclaíocha, dá dtagraítear i bpointe 35 den dara mír d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001, a chomhlíonann an tairseach maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 25(2), an dara fomhír den Treoir sin***, bithbhreoslaí ardfhorbartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe 34 de Threoir (AE) 2018/2001, nó bithbhreoslaí a tháirgtear ón mbunábhar atá liostaithe i gCuid B d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Treoir sin, a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) den Treoir sin agus atá deimhnithe i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir seo. ***Go dtí an 31 Nollaig 2034, féadfaidh bithbhreoslaí a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 agus a dheimhnítear i gcomhréir le hAirteagal 30 den Treoir sin a bheith ar áireamh i mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe freisin, cé is moite de bhithbhreoslaí a tháirgtear ó "bharra bia agus beatha" mar a shainmhínítear i bpointe 40 den dara mír d'Airteagal 2 den Treoir sin;***

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— ciallaíonn "breoslaí eitlíochta sintéiseacha" breoslaí ar breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe 36 de Threoir (AE) 2018/2001, a úsáidtear san eitlíocht;	— ciallaíonn "breoslaí eitlíochta sintéiseacha" ***hidrigin in-athnuaite nó leictreachas in-athnuaite nó*** breoslaí ar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an dara mír, pointe 36 de Threoir (AE) 2018/2001, a úsáidtear san eitlíocht;

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— ***ciallaíonn "leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh" nó "leictreachas in-athnuaite" leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe 1 den dara mír d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001;***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 9 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— ***ciallaíonn "hidrigin ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh" nó "hidrigin in-athnuaite" hidrigin arna táirgeadh ó leictreachas in-athnuaite nó ó bhreoslaí leachtacha nó gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch iad, mar a shainmhínítear i bpointe 36 den dara mír d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2018/2001;***

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
— ciallaíonn "breosla eitlíochta bliantúil atá de dhíth" an méid breosla eitlíochta is gá chun iomlán na n-eitiltí aeriompair tráchtála a oibríonn oibreoir aerárthaí a oibriú, a imíonn as aerfort áirithe de chuid an Aontais, le linn tréimhse tuairiscithe;	— ciallaíonn "breosla eitlíochta bliantúil atá de dhíth" an méid breosla eitlíochta ***a shainmhínítear mar "breosla turais" agus "breosla innealta" faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1296 ón gCoimisiún*** a bhfuil gá leis chun iomlán na n-eitiltí aeriompair tráchtála a oibríonn oibreoir aerárthaí a oibriú, a imíonn as aerfort áirithe de chuid an Aontais, le linn tréimhse tuairiscithe;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – fleasc 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	— ***ciallaíonn "sásra solúbthachta SAF" córas atá le bunú ar feadh tréimhse 10 mbliana ó dháta chur i bhfeidhm Airteagal 4 agus Airteagal 5 i gcomhréir le hAirteagal 15 lena spreagtar soláthar agus glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe de bharr saoirse margaidh le solúbthacht d'oibreoirí aerárthaí agus soláthróirí breosla eitlíochta chun dáileadh agus úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a shocrú ar bhealach costéifeachtach ag aerfoirt an Aontais dá rogha féin agus i gcomhréir lena riachtanais. Le córas den sórt sin, ina n-ionchorpraítear gnéithe de scéim maidir le teastais intrádála, ar a dtugtar scéim"book & claim", féadfar a chur ar chumas oibreoirí aerárthaí breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a cheannach trí shocruithe conarthacha le soláthróirí breosla eitlíochta agus a éileamh go n-úsáidfear é ag aerfoirt an Aontais, i gcás inarb infheidhme, faoi scéim gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal […] de Threoir (AE) 2021/0207.***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh soláthróirí breosla eitlíochta go mbeidh sciar íosta de bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sa bhreosla eitlíochta go léir a chuirfear ar fáil d'oibreoirí aerárthaí ag gach aerfort de chuid an Aontais, lena n-áirítear sciar íosta de bhreosla eitlíochta sintéiseach i gcomhréir leis na luachanna agus na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach in Iarscríbhinn I.	***Gan dochar d'Airteagal 13***, áiritheoidh soláthróirí breosla eitlíochta go mbeidh sciar íosta de bhreosla eitlíochta inbhuanaithe sa bhreosla eitlíochta go léir a chuirfear ar fáil d'oibreoirí aerárthaí ag gach aerfort de chuid an Aontais, lena n-áirítear sciar íosta de bhreosla eitlíochta sintéiseach i gcomhréir leis na luachanna agus na dátaí cur i bhfeidhm a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Eisiafar na breoslaí eitlíochta inbhuanaithe seo a leanas ó ríomh sciar íosta na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I:
	Breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a dhéantar as barra bia agus beatha, barra breise, driogáit aigéid shailligh pailme agus na hábhair uile atá díorthaithe ó phailm agus soighe, agus stoc gallúnaí agus a chuid díorthach.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 11(3) agus (4), i gcás ina mainneoidh soláthróir breosla eitlíochta na sciartha íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a sholáthar le haghaidh tréimhse tuairiscithe áirithe, déanfaidh sé an t-easnamh sin a chomhlánú, ar a laghad, sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin.	Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 11(3) agus (4), i gcás ina mainneoidh soláthróir breosla eitlíochta na sciartha íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a sholáthar le haghaidh tréimhse tuairiscithe áirithe, déanfaidh sé ***an t-easnamh sin, agus na cúiseanna ina leith, a thuairisciú do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh. I gcás ina measann an Coimisiún nach easpa infhaighteachta acmhainní is cúis leis an easnamh sin, déanfaidh an soláthróir breosla gach iarracht is féidir chun an t-easnamh sin a chomhlánú*** ar a laghad sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh soláthróirí breosla a léiriú go bhfuil an oibleagáid atá i mír 1 á comhlíonadh acu trí úsáid a bhaint as an gcóras cothromúcháin maise dá dtagraítear in Airteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
90 % ar a laghad den bhreosla eitlíochta bliantúil is gá a bheidh sa chainníocht bhliantúil de bhreosla eitlíochta arna chur ar bord ag oibreoir aerárthaí áirithe ag aerfort áirithe de chuid an Aontais.	90 % ar a laghad den bhreosla eitlíochta bliantúil is gá a bheidh sa chainníocht bhliantúil de bhreosla eitlíochta arna chur ar bord ag oibreoir aerárthaí áirithe ag aerfort áirithe de chuid an Aontais, ***agus an comhlíonadh is gá leis na rialacha maidir le sábháilteacht breosla á chur san áireamh***.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Oibleagáidí ar ***aerfoirt an Aontais*** chun an bonneagar a chur ar fáil	Oibleagáidí chun bonneagar a chur ar fáil ***ag aerfoirt an Aontais***

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh aerfoirt an Aontais gach beart is gá chun rochtain oibreoirí aerárthaí ar bhreoslaí eitlíochta ina bhfuil sciartha de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a éascú i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus cuirfidh sé an bonneagar is gá ar fáil le haghaidh sheachadadh, stóráil agus chur ar bord na mbreoslaí sin.	Glacfaidh aerfoirt an Aontais, ***nó i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistithe an aerfoirt***, ***gach*** beart is gá chun rochtain oibreoirí aerárthaí ar bhreoslaí eitlíochta ina bhfuil sciartha de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a éascú i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus cuirfidh sé an bonneagar is gá ar fáil le haghaidh sheachadadh, stóráil agus chur ar bord na mbreoslaí sin, ***lena n-áirítear bonneagar iomchuí d'athbhreoslú hidrigine agus d'athluchtú leictreach le haghaidh aerárthaí, ag teacht le glacadh na n-aerárthaí sin, i gcomhréir leis an bplean imlonnaithe faoi seach den chreat beartais náisiúnta, mar a leagtar amach in Airteagal 13(l) de Rialachán […] maidir le himlonnú bonneagair breoslaí malartacha [AFIR]***.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina dtuairisceoidh oibreoirí aerárthaí deacrachtaí do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") maidir le rochtain a fháil ar bhreoslaí eitlíochta ina bhfuil breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ag aerfort áirithe de chuid an Aontais toisc go bhfuil bonneagar aerfoirt leordhóthanach in easnamh, ***féadfaidh*** an Ghníomhaireacht a iarraidh ar aerfort an Aontais an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun comhlíontacht mhír 1 a chruthú. Déanfaidh an t-aerfort de chuid an Aontais lena mbaineann an fhaisnéis a sholáthar gan moill mhíchuí.	I gcás ina dtuairisceoidh oibreoirí aerárthaí deacrachtaí do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") maidir le rochtain a fháil ar bhreoslaí eitlíochta ina bhfuil breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ag aerfort áirithe de chuid an Aontais toisc go bhfuil bonneagar aerfoirt leormhaith in easnamh, ***déanfaidh*** an Ghníomhaireacht, i ***gcás inarb iomchuí***, a iarraidh ar aerfort an Aontais, ***nó i gcás inarb infheidhme, ar chomhlacht bainistithe an aerfoirt*** an fhaisnéis is gá a chur ar fáil chun comhlíontacht mhír 1 a chruthú. Déanfaidh an t-aerfort de chuid an Aontais ***nó i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistithe an aerfoirt***, lena mbaineann an fhaisnéis a sholáthar gan moill mhíchuí.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis a fuarthas a mheasúnú agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas má chumasaítear é leis an bhfaisnéis sin chun teacht ar an gconclúid nach gcomhlíonann an t-aerfort de chuid an Aontais a oibleagáidí. Glacfaidh aerfoirt an Aontais na bearta is gá chun an easpa bonneagair aerfoirt leordhóthanaigh a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt uirthi le linn na 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin ***nó tar éis na bliana a sháróidh siad ceann de na tairseacha in Airteagal 3 (a)***.	Déanfaidh an Ghníomhaireacht an fhaisnéis a fuarthas a mheasúnú agus cuirfidh sí an Coimisiún ar an eolas má chumasaítear é leis an bhfaisnéis sin chun teacht ar an gconclúid nach gcomhlíonann an t-aerfort de chuid an Aontais, ***nó i gcás inarb infheidhme, comhlacht bainistithe an aerfoirt***, a oibleagáidí. Glacfaidh aerfoirt an Aontais, ***nó i gcás inarb iomchuí, comhlacht bainistithe an aerfoirt,*** na bearta ***uile*** is gá chun an easpa bonneagair aerfoirt leormhaith a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt uirthi ***faoi 3*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 31 Márta de chuid gach bliana tuairiscithe, tuairisceoidh oibreoirí aerárthaí an fhaisnéis seo a leanas don Ghníomhaireacht:	Faoin 31 Márta de chuid gach bliana tuairiscithe, déanfaidh oibreoirí aerárthaí an fhaisnéis seo a leanas ***i gcoibhneas leis an tréimhse tuairiscithe*** a thuairisciú don Ghníomhaireacht:

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Méid iomlán an bhreosla eitlíochta a cuireadh ar bord ag gach aerfort de chuid an Aontais, arna shloinneadh i dtonaí;	(a) Méid iomlán an bhreosla eitlíochta a cuireadh ar bord ag gach aerfort de chuid an Aontais, arna shloinneadh i dtonaí ***de choibhéis cheirisín***;

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) An breosla eitlíochta bliantúil is gá, de réir an aerfoirt de chuid an Aontais, arna shloinneadh i dtonaí;	(b) An breosla eitlíochta bliantúil is gá, de réir an aerfoirt de chuid an Aontais, arna shloinneadh i dtonaí ***de choibhéis cheirisín***;

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Méid iomlán an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna cheannach ó sholáthróirí breosla eitlíochta, chun a n-eitiltí a imíonn as aerfoirt an Aontais a oibriú, arna shloinneadh i dtonaí.	(d) Méid iomlán an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna cheannach ó sholáthróirí breosla eitlíochta, chun a n-eitiltí a imíonn as aerfoirt an Aontais a oibriú, arna shloinneadh i dtonaí ***de choibhéis cheirisín***.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 7 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Na nithe seo a leanas maidir le gach ceannachán de bhreosla eitlíochta inbhuanaithe: ainm an tsoláthróra breosla eitlíochta; an méid a ceannaíodh arna shloinneadh i dtonaí; an teicneolaíocht tiontúcháin; tréithe agus bunadh an amhábhair a úsáideadh sa táirgeacht; agus astaíochtaí saolré an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe. I gcás ina gcuimseofar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe le tréithe éagsúla i gceannach amháin, déanfar an fhaisnéis seo maidir le gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar sa tuarascáil.	(e) Na nithe seo a leanas maidir le gach ceannachán de bhreosla eitlíochta inbhuanaithe: ainm an tsoláthróra breosla eitlíochta; an méid iomlán a ceannaíodh arna shloinneadh i dtonaí ***de choibhéis cheirisín***; an teicneolaíocht tiontúcháin; tréithe agus bunadh an amhábhair a úsáideadh sa táirgeacht; agus astaíochtaí saolré an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe. agus astaíochtaí saolré an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe. I gcás ina gcuimseofar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe le tréithe éagsúla i gceannach amháin, déanfar an fhaisnéis seo maidir le gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe a sholáthar sa tuarascáil.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní éileoidh oibreoirí aerárthaí sochair de bharr luchtóg chomhionann de breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a úsáid faoi níos mó ná scéim gáis ceaptha teasa amháin. Déanfaidh oibreoirí aerárthaí na nithe seo a leanas a sholáthar don Ghníomhaireacht, mar aon leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 7:	***Beidh oibreoirí aerárthaí i dteideal leithdháileadh lamháltas saor in aisce a éileamh faoi scéim CTA chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a ardú i gcomhréir le [hAirteagal 3c(5a)] de Threoir 2003/87/CE.*** Ní éileoidh oibreoirí aerárthaí sochair de bharr luchtóg chomhionann de breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a úsáid faoi níos mó ná scéim gáis ceaptha teasa amháin. Déanfaidh oibreoirí aerárthaí na nithe seo a leanas a sholáthar don Ghníomhaireacht, mar aon leis an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 7:

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Soláthróidh soláthróirí breosla eitlíochta an fhaisnéis iomchuí d'oibreoirí aerárthaí saor in aisce, chun úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thuairisciú faoi fhorálacha Airteagal 7 den Rialachán seo, nó faoi scéim gáis ceaptha teasa.	Soláthróidh soláthróirí breosla eitlíochta an fhaisnéis ábhartha d'oibreoirí aerárthaí ***a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe*** saor in aisce ***nach déanaí ná 31 Eanáir de gach bliain tuairiscithe***, chun úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a thuairisciú faoi fhorálacha Airteagal 7 den Rialachán seo, nó faoi scéim gás ceaptha teasa.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 31 ***Márta*** de chuid gach bliana tuairiscithe, tuairisceoidh soláthróirí breosla eitlíochta an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe sa Bhunachar Sonraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2018/2001:	Faoin 31 ***Eanáir*** de chuid gach bliana tuairiscithe, tuairisceoidh soláthróirí breosla eitlíochta an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an tréimhse tuairiscithe sa Bhunachar Sonraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2018/2001:

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***Toirt*** an bhreosla eitlíochta arna sholáthar ag gach aerfort de chuid an Aontais;	(a) ***Méid*** an bhreosla eitlíochta arna sholáthar ag gach aerfort de chuid an Aontais, ***arna shloinneadh i dtonaí de choibhéis cheirisín***;

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***Toirt*** an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar ag gach aerfort de chuid an Aontais, agus maidir le gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe, mar a shonraítear i bpointe c);	(b) ***Méid*** an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar ag gach aerfort de chuid an Aontais, ***arna shloinneadh i dtonaí de choibhéis cheirisín***, agus maidir le gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe, mar a shonraítear i bpointe c);

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Astaíochtaí saolré, bunadh an amhábhair agus próiseas tiontúcháin gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar ag aerfoirt de chuid an Aontais.	(c) Astaíochtaí saolré, ***tréithe agus*** bunadh an bhunábhair agus próiseas tiontúcháin gach cineál breosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar ag aerfoirt de chuid an Aontais.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) i gcás inarb infheidhme, méid na hidrigine agus/nó an leictreachais arna sholáthar ag gach aerfort de chuid an Aontais, arna shloinneadh i dtonaí de choibhéis cheirisín;

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 9 – mír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) Meánchion aramatach, naftailéine agus sulfair an bhreosla eitlíochta in aghaidh gach baisce arna soláthar ag gach aerfort de chuid an Aontais;

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú agus as fíneálacha a fhorchur ***ar*** oibreoirí aerárthaí, aerfoirt an Aontais ***agus*** soláthróirí breosla. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.	(1) Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil nó, ***i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, na húdaráis inniúla a bheidh freagrach as cur chun feidhme an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú agus as fíneálacha a fhorchur ***ar*** oibreoirí aerárthaí, ***ar*** aerfoirt an Aontais, ***nó i gcás inarb infheidhme, ar chomhlachtaí bainistithe na n-aerfort agus ar sholáthróirí breosla***. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí arna bhfáil de bhun Airteagail 7 agus 9 a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát. Sonraí a dhéantar a chomhiomlánú le haghaidh na n-oibreoirí aerárthaí agus na soláthróirí breosla eitlíochta a bhfuil na húdaráis inniúil ina leith de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a sheoladh chuig na húdaráis inniúla freisin.	(2) Déanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí arna bhfáil de bhun Airteagail 7 agus 9 a sheoladh chuig údaráis inniúla na mBallstát. Sonraí a dhéantar a chomhiomlánú le haghaidh na n-oibreoirí aerárthaí agus na soláthróirí breosla eitlíochta a bhfuil ***an t-údarás nó*** na húdaráis inniúil ina leith de bhun mhíreanna 3, 4 agus 5, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a sheoladh chuig an údarás inniúil nó chuig na húdaráis inniúla freisin.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Déanfar na húdaráis inniúla i leith oibreoir aerárthaí a chinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún ([16]).	(3) Déanfar ***an t-údarás*** inniúil ***nó*** na húdaráis inniúla i leith oibreoir aerárthaí a chinneadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún ([16]).
([16]) Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2009 maidir le liosta na n-oibreoirí aerárthaí a rinne gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE	([16]) Rialachán (CE) Uimh. 748/2009 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2009 maidir le liosta na n-oibreoirí aerárthaí a rinne gníomhaíocht eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Déanfar na húdaráis inniúla i leith aerfoirt an Aontais a chinneadh ar bhonn na dlínse críche sonraí.	(4) Déanfar ***an t-údarás*** inniúil ***nó*** na húdaráis inniúla i leith aerfoirt an Aontais a chinneadh ar bhonn na dlínse críche sonraí.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 10 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Déanfar na húdaráis inniúla i leith na soláthróirí breosla eitlíochta a chinneadh de bhun a mBallstáit bunaíochta.	(5) Déanfar ***an t-údarás*** inniúil ***nó*** na húdaráis inniúla i leith na soláthróirí breosla eitlíochta a chinneadh de bhun a mBallstáit bunaíochta.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Déanfaidh ***na Ballstáit*** na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha a ghlactar de bhun an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena n-áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na ***Ballstáit fógra don Choimisiún*** faoi na forálacha sin faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.	(1) Déanfaidh ***an Coimisiún*** na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha a ghlactar de bhun an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh na ***Ballstáit*** gach beart is gá lena n-áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Soláthróidh an Coimisiún*** na forálacha sin do na ***Ballstáit*** faoin 31 Nollaig 2023 ar a dhéanaí agus tabharfaidh sé fógra dóibh, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon oibreoir aerárthaí a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 a chomhlíonadh faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde, ***ar a laghad***, ná iolrú an mheánphraghais bhliantúil ar bhreosla eitlíochta in aghaidh an tona agus na cainníochta iomláine bliantúla gan rólíonadh na n-umar breosla;	(2) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon oibreoir aerárthaí a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 a chomhlíonadh faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde ná iolrú an mheánphraghais bhliantúil ar bhreosla eitlíochta in aghaidh an tona agus na cainníochta iomláine bliantúla gan rólíonadh na n-umar breosla; ***Féadfar oibreoir aerárthaí a dhíolmhú ó fhíneáil riaracháin más féidir leis a chruthú gur imthosca eisceachtúla agus neamh-intuartha, agus nach raibh smacht aige orthu, is cúis lena mhainneachtain na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 a chomhlíonadh, nach bhféadfaí a n-éifeachtaí a sheachaint fiú dá ndéanfaí gach beart réasúnta;***

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon aerfort de chuid an Aontais, nó i gcás inarb infheidhme, an comhlacht bainistithe aerfoirt, a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 6 faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon soláthróir breosla eitlíochta a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chomhlíonadh faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde, ar a laghad, ná iolrú na difríochta idir an meánphraghas bliantúil ar ghnáthbhreosla eitlíochta agus breosla eitlíochta inbhuanaithe in aghaidh an tona agus an chainníocht de bhreoslaí eitlíochta nach gcomhlíonann an sciar íosta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I;	(3) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon soláthraí breosla eitlíochta a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe ***nó aon soláthróir breosla ar cruthaíodh gur sholáthair sé faisnéis mhíthreorach nó mhíchruinn maidir le tréithe nó bunadh an bhreosla a sholáthair sé*** faoi dhliteanas maidir le fíneáil. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde ná iolrú na difríochta idir an meánphraghas bliantúil ar ghnáthbhreosla eitlíochta agus breosla eitlíochta inbhuanaithe in aghaidh an tona agus an chainníocht de bhreoslaí eitlíochta nach gcomhlíonann an sciar íosta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I;

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon soláthróir breosla eitlíochta a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha a chomhlíonadh faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde, ar a laghad, ná iolrú na difríochta idir an meánphraghas bliantúil de bhreosla eitlíochta sintéiseach agus gnáthbhreosla eitlíochta in aghaidh an tona agus an chainníocht de bhreosla eitlíochta nach gcomhlíonann an sciar íosta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I;	(4) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon soláthróir breosla eitlíochta a mhainneoidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta sintéiseacha a chomhlíonadh faoi dhliteanas maidir le fíneáil riaracháin. Beidh an fhíneáil sin dhá oiread níos airde ná iolrú na difríochta idir an meánphraghas bliantúil de bhreosla eitlíochta sintéiseach agus gnáthbhreosla eitlíochta in aghaidh an tona agus an chainníocht de bhreosla eitlíochta nach gcomhlíonann an sciar íosta dá dtagraítear in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I;

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Beidh an creat dlíthiúil agus riaracháin is gá i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta ag na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a chuirfidh soláthróirí breosla isteach i mBunachar Sonraí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2018/2001 cruinn, fioraithe agus iniúchta.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Maidir le haon soláthróir breosla eitlíochta a chnuasaigh easnamh ón oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe nó de bhreoslaí sintéiseacha i dtréimhse tuairiscithe áirithe, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh sé cainníocht den bhreosla sin is comhionann leis an easnamh sin don mhargadh sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, sa bhreis ar a oibleagáid tréimhse tuairiscithe. Ní scaoilfear an soláthróir breosla ón oibleagáid na fíneálacha a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a íoc tríd an oibleagáid seo a chomhlíonadh;	(6) Maidir le haon soláthróir breosla eitlíochta a chnuasaigh easnamh ón oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 4 maidir leis an sciar íosta de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe nó de bhreoslaí sintéiseacha i dtréimhse tuairiscithe áirithe, ***i gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil an easnamh sin mar thoradh ar acmhainní easnamhacha a bheith ar fáil***, áiritheoidh na Ballstáit ***go ndéanfaidh sé gach iarracht is féidir*** cainníocht den bhreosla sin is comhionann leis an easnamh sin a sholáthar don mhargadh sa tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin, sa bhreis ar a oibleagáid tréimhse tuairiscithe. Ní scaoilfear an soláthróir breosla ón oibleagáid na fíneálacha a leagtar amach i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo a íoc tríd an oibleagáid seo a chomhlíonadh;

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Beidh an creat dlíthiúil agus riaracháin is gá curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta chun comhlíonadh na n-oibleagáidí agus bailiú na bhfíneálacha riaracháin a áirithiú. Aistreoidh na Ballstáit an méid a bhaileofar trí na fíneálacha riaracháin sin mar ranníocaíocht leis an t***Saoráid Infheistíochta Aistrithe Ghlais InvestEU, mar bhreisiú leis an ráthaíocht AE***.	(7) Beidh an creat dlíthiúil agus riaracháin is gá curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta chun comhlíonadh na n-oibleagáidí agus bailiú na bhfíneálacha riaracháin a áirithiú. Aistreoidh na Ballstáit an méid a bhaileofar trí na fíneálacha riaracháin sin mar ranníocaíocht leis an gC***iste Eitlíochta Inbhuanaithe, arna bhunú faoi Airteagal 11a***.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 11a
	Ciste Eitlíochta Inbhuanaithe
	1. Bunófar Ciste Eitlíochta Inbhuanaithe ("an Ciste") don tréimhse ó 2023 go 2050 chun dícharbónú na hearnála eitlíochta a ghéarú gan cur isteach ar a margadh inmheánach fíor-chomhtháite, agus go háirithe chun tacú le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha agus i mbonneagar chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a tháirgeadh, a ghlacadh, a imlonnú agus a stóráil, i dteicneolaíochtaí nuálacha eile tiomána aerárthaí, lena n-áirítear hidrigin agus leictreachas, taighde d'innill nua agus teicneolaíocht um ghabháil díreach ón aer, ar próiseas é lena ngabhtar CO_2 go díreach ón aer agus ní ó fhoinsí pointe, agus in iarrachtaí éifeachtaí neamh-CO_2 a laghdú. Déanfar gach infheistíocht a dtacaíonn an Ciste léi a phoibliú agus beidh sí comhsheasmhach le haidhmeanna an Rialacháin seo.
	2. Beidh an Ciste ina chuid dhílis de bhuiséad an Aontais agus déanfar é a bhuiséadú laistigh d'uasteorainneacha CAI. Ba cheart an t-ioncam a ghintear leis na pionóis faoin Rialachán seo a leithdháileadh ar an gCiste.
	3. Déanfar an Ciste a bhainistiú go lárnach trí chomhlacht de chuid an Aontais a mbeidh a struchtúr rialachais agus a phróiseas cinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach, go háirithe maidir le socrú réimsí tosaíochta, critéar agus nósanna imeachta leithdháilte deontas. Beidh ról comhairliúcháin iomchuí ag geallsealbhóirí ábhartha. Cuirfear gach faisnéis faoi na hinfheistíochtaí agus gach faisnéis ábhartha eile ar fheidhmiú an Chiste ar fáil don phobal.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Méid an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna cheannach ag oibreoirí aerárthaí ar leibhéal an Aontais go comhiomlán, lena úsáid ar eitiltí a imíonn ó aerfort de chuid an Aontais, agus de réir an aerfoirt de chuid an Aontais;	(a) Méid an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna cheannach ag oibreoirí aerárthaí ar leibhéal an Aontais go comhiomlán, lena úsáid ar eitiltí ***a chumhdaítear leis an Rialachán seo*** a imíonn ó aerfort de chuid an Aontais, agus de réir an aerfoirt de chuid an Aontais;

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Méid an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe agus an bhreosla eitlíochta shintéisigh arna sholáthar ar leibhéal an Aontais go comhiomlán agus de réir an aerfoirt de chuid an Aontais;	(b) Méid an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe agus méid an bhreosla eitlíochta shintéisigh arna sholáthar ar leibhéal an Aontais go comhiomlán, ***de réir an Bhallstáit, in aghaidh chineál an bhunábhair breosla***, agus de réir an aerfoirt de chuid an Aontais;

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) I gcás ina bhfuil sé ar fáil, an méid breosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar agus arna cheannach ag oibreoirí aerárthaí i dtíortha comharsanachta an Aontais a bhfuil Comhaontú Eorpach um Aersheirbhísí tugtha i gcrích leo;

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Staid an mhargaidh, lena n-áirítear faisnéis faoi phraghsanna, agus treochtaí i dtáirgeadh breosla eitlíochta inbhuanaithe agus úsáid san Aontas;	(c) Staid an mhargaidh, lena n-áirítear faisnéis faoi phraghsanna, agus treochtaí i dtáirgeadh breosla eitlíochta inbhuanaithe agus úsáid san Aontas***, agus in aghaidh an Bhallstáit***;

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Stádas comhlíontachta aerfort maidir le hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 6;	(d) An stádas comhlíontachta d'aerfoirt, ***nó i gcás inarb infheidhme, de chomhlacht bainistithe aerfoirt***, maidir le hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 6;

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) Stádas comhlíontachta gach oibreora aerárthaí agus soláthróra breosla eitlíochta a bhfuil oibleagáid orthu faoin Rialachán seo sa tréimhse tuairiscithe;	(e) Stádas comhlíontachta gach oibreora aerárthaí agus soláthróra breosla eitlíochta a bhfuil oibleagáid orthu faoin Rialachán seo sa tréimhse tuairiscithe, ***lena n-áirítear iad siúd ar tugadh fógra dóibh mar oibreoir aerárthaí, de bhun Airteagal 3, mír 1, fleasc 2***;

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) Bunadh agus tréithe gach breosla eitlíochta inbhuanaithe arna gceannach ag oibreoirí aerárthaí lena n-úsáid ar eitiltí a imíonn ó aerfoirt an Aontais.	(f) Bunadh, próiseas tiontúcháin agus tréithe gach breosla eitlíochta inbhuanaithe arna gceannach ag oibreoirí aerárthaí lena n-úsáid ar eitiltí ***a chumhdaítear faoin Rialachán seo*** a imíonn ó aerfoirt an Aontais.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 – mír 1 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) Meánchion aramatach, naftailéine agus sulfair an bhreosla eitlíochta inbhuanaithe arna sholáthar ar leibhéal an Aontais go comhiomlán agus de réir an aerfoirt de chuid an Aontais;

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 12a
	Córas lipéadaithe de chuid an Aontais maidir le feidhmíocht chomhshaoil na heitlíochta
	1. Chun dícharbónú na hearnála eitlíochta a chur chun cinn tuilleadh agus trédhearcacht na faisnéise do thomhaltóirí maidir le feidhmíocht chomhshaoil oibreoirí aerárthaí a mhéadú, déanfaidh an Coimisiún córas cuimsitheach lipéadaithe de chuid an Aontais d'fheidhmíocht chomhshaoil na heitlíochta a chur ar bun, a dhéanfaidh EASA é a fhorbairt agus a chur chun feidhme, córas a mbeidh feidhm aige maidir le hoibreoirí aerárthaí agus eitiltí aeriompair tráchtála faoi réir an Rialacháin seo.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2. Faoin 1 Eanáir 2024, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a (nua) chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na forálacha mionsonraithe agus na caighdeáin theicneolaíocha a leagan amach d'fheidhmiú chóras lipéadaithe an Aontais i ndáil le feidhmíocht chomhshaoil aerárthaí, oibreoirí aerárthaí agus eitiltí tráchtála.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Idirthréimhse	***Sásra solúbthachta SAF***

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar Airteagal 4, ***ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2029***, le haghaidh gach tréimhse tuairiscithe, féadfaidh soláthróir breosla eitlíochta an ***sciar íosta*** de ***bhreosla*** eitlíochta inbhuanaithe mar a shainítear in Iarscríbhinn I a sholáthar ***mar mheán ualaithe thar iomlán an bhreosla eitlíochta a sholáthair sé in aerfoirt an Aontais le haghaidh na tréimhse tuairiscithe sin***.	De mhaolú ar Airteagal 4, a***gus le linn na tréimhse 10 mbliana ón dáta a gcuirfear Airteagail 4 agus 5 i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 15***, le haghaidh gach tréimhse tuairiscithe, féadfaidh soláthróir breosla eitlíochta ***bonn cirt*** a thabhairt maidir le soláthar breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a shainítear in Iarscríbhinn I ***trí thagairt do shásra solúbthachta SAF, a shainmhínítear in Airteagal 3, fleasc 16a (nua)***.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Faoin 1 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shocruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le sásra solúbthachta SAF, lena ráthófar cothrom iomaíochta agus ardleibhéal sláine comhshaoil, chomh maith leis an riosca calaoise, mírialtachtaí agus éilimh dhúbailte a íoslaghdú. Le socruithe mionsonraithe den sórt sin, ina n-ionchorpraítear gnéithe de scéim maidir le teastais intrádála, ar a dtugtar scéim "book & claim", féadfar córas intrádála breosla eitlíochta inbhuanaithe a chur ar bun, lena n-áirítear rialacha mionsonraithe maidir le soláthar agus glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a chlárú, a leithdháileadh agus cuntasaíocht agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Le linn na tréimhse a leagtar amach i mír 1, déanfaidh an Coimisiún faireachán go rialta ar shláine agus ar thrédhearcacht an mhargaidh do bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe, agus leas á bhaint aige, i gcás inarb iomchuí, as an bhfaisnéis atá i mBunachar Sonraí de chuid an Aontais agus as sonraí eile a thuairiscítear do na húdaráis inniúla. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú go háirithe ar fheidhmiú an mhargaidh, lena n-áirítear maidir le haon luaineacht sa mhargadh, éabhlóid neamhghnách praghsanna nó iompraíocht trádála rannpháirtithe sa mhargadh a d'fhéadfadh iompraíocht mhonaplach a léiriú, agus lánúsáid á baint as na cumhachtaí atá aige faoi Airteagal 102 CFAE chun cosc a chur ar ghníomhaithe ar an margadh mí-úsáid a bhaint as ceannasacht sa mhargadh.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13a
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12a agus Airteagal 13 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12a agus Airteagal 13 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.
	5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 12 agus Airteagal 13 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú aon mhí amháin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 1 Eanáir ***2028*** agus gach 5 bliana dá éis, cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin tuarascáil i láthair do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, maidir le forás an mhargaidh breosla eitlíochta agus maidir ***lena*** thionchar ar mhargadh eitlíochta inmheánach an Aontais, lena n-áirítear ***an fhéidearthacht síneadh a chur le raon feidhme an Rialacháin seo*** go foinsí eile fuinnimh, agus cineálacha breoslaí sintéiseacha eile a shainítear faoin Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na sciartha íosta in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I, agus leibhéal na bhfíneálacha riaracháin. Áireofar sa tuarascáil faisnéis, i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil, ar fhorbairt an chreata beartais fhéideartha maidir le glacadh bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar leibhéal ICAO. Cuirfidh an tuarascáil eolas ar fáil freisin maidir le dul chun cinn teicneolaíoch sa réimse taighde agus nuálaíocht san earnáil eitlíochta atá ábhartha maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear dul chun cinn agus nuálaíocht maidir le hastaíochtaí neamh-C02 a laghdú. ***Féadfar a mheas*** leis an tuarascáil ***ar cheart an Rialachán seo a leasú, agus féadfar roghanna maidir le leasuithe*** a mheas i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le creat beartais féideartha maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar leibhéal ICAO.	Faoin 1 Eanáir ***2026*** agus gach ***trí*** bliana dá éis, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ***maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***, forás an mhargaidh breosla eitlíochta agus ***an*** tionchar ***ar iomaíochas agus ar fheidhmiú*** mhargadh eitlíochta inmheánach an Aontais, lena n-áirítear, ***i gcás inarb iomchuí, maidir leis na roghanna beartais atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar*** fhoinsí eile fuinnimh, agus cineálacha breoslaí sintéiseacha eile a shainítear faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ***agus ag am céanna aird chuí á tabhairt do phrionsabal na neodrachta teicneolaíche***, an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ***ar shainmhíniú SAF agus*** ar na sciartha íosta in Airteagal 4 agus Iarscríbhinn I, ***raon feidhme an Rialacháin*** agus leibhéal na bhfíneálacha riaracháin. Áireofar sa tuarascáil ***measúnú, a bheidh bunaithe ar an*** bhfaisnéis atá ar fáil, ***ar thionchar an Rialacháin seo agus ar a thionchar cuimsitheach agus ar a idirghníomhú leis an gcreat reachtach atá oiriúnaithe agus is infheidhme maidir leis an earnáil ina hiomláine, ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san eitlíocht, ar iomaíochas na hearnála, ar athródú a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh sceitheadh carbóin mar thoradh air, ar an gcothrom iomaíochta idirnáisiúnta maidir le***

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	haeriompróirí agus le moil aerfoirt, ar an éifeacht ar shoghluaisteacht aeir agus ar nascacht, ar chostéifeachtúlacht na laghduithe ar astaíochtaí GCT, ar riachtanais infheistíochta agus ar thionchair shocheacnamaíocha agus ar na riachtanais fostaíochta agus oiliúna gaolmhara agus, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, ar ***fhaisnéis*** maidir le forbairt creata beartais a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar leibhéal ICAO. ***Beidh faisnéis mhionsonraithe sa tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo***. Cuirfidh an tuarascáil eolas ar fáil freisin maidir le dul chun cinn teicneolaíoch sa réimse taighde agus nuálaíocht san earnáil eitlíochta atá ábhartha maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, lena n-áirítear dul chun cinn agus nuálaíocht maidir le hastaíochtaí neamh-CO_2 a laghdú ***nó teicneolaíochtaí um ghabháil dhíreach ón aer (DAC)***. ***Beidh*** tograí reachtacha, ***i gcás inarb iomchuí, ag gabháil leis an tuarascáil chun an Rialachán seo a leasú*** i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le creat beartais féideartha maidir le glacadh breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar leibhéal ICAO. ***Déanfar meastóireacht go sonrach sa tuarascáil freisin ar thionchar an Rialacháin seo ar idirnascacht aeir na réigiún agus na n-oileán iargúlta nach bhfuil chomh nasctha sin, lena n-áirítear a éifeachtaí ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht an aeriompair chuig na críocha sin agus uathu. Déanfaidh an Coimisiún faireachán, meastóireacht agus anailís rialta ar chásanna d'fhorlíonadh na n-umar breosla. Gach bliain, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ina mbeidh a thorthaí a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ar a dhéanaí faoi thrí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht, ar bhonn na dtorthaí sin, ar na forálacha a bhaineann le forlíonadh na n-umar breosla agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun iad sin a leasú.***

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn I

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Iarscríbhinn I (sciartha den toirt)	Iarscríbhinn I (sciartha toirte arna ***gcomhchuibhiú san Aontas***)
(a) Ó 1 Eanáir 2025, sciar íosta de 2 % SAF;	(a) Ó 1 Eanáir 2025, sciar íosta de 2 % SAF; ***agus den mhéid sin sciar íosta 0,04 % de bhreoslaí sintéiseacha,***
(b) Ó 1 Eanáir 2030, sciar íosta de ***5 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***0,7 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;	(b) Ó 1 Eanáir 2030, sciar íosta de ***6 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***2 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;
(c) Ó 1 Eanáir 2035, sciar íosta de 20 % SAF, ina bhfuil sciar íosta de 5 % breoslaí eitlíochta sintéiseacha;	(c) Ó 1 Eanáir 2035, sciar íosta de 20 % SAF, ina bhfuil sciar íosta de 5 % breoslaí eitlíochta sintéiseacha;

Déardaoin 7. Iúil 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Ó 1 Eanáir 2040, sciar íosta de ***32 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***8 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;	(d) Ó 1 Eanáir 2040, sciar íosta de ***37 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***13 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;
(e) Ó 1 Eanáir 2045, sciar íosta de ***38 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***11 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;	(e) Ón 1 Eanáir 2045, sciar íosta de ***54 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***27 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;
(f) Ó 1 Eanáir 2050, sciar íosta de ***63 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***28 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha.	(f) Ón 1 Eanáir 2050, sciar íosta de ***85 %*** SAF, ina bhfuil sciar íosta de ***50 %*** breoslaí eitlíochta sintéiseacha;

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin

Iarscríbhinn II

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Iarscríbhinn II – Teimpléad do thuarascáil ar oibreoirí aerárthaí

Aerfort de chuid an Aontais	Sainitheoir ICAO an Aerfoirt sin de chuid an Aontais	Breosla eitlíochta bliantúil a theastaíonn (tonaí)	Breosla eitlíochta iarmhír a cuireadh ar bord (tonaí)	Cainníocht bhliantúil gan forlíonadh na n-umar breosla (tonaí)	Cainníocht iomlán bhliantúil gan forlíonadh na n-umar breosla (tonaí)

Leasú

Iarscríbhinn II – Teimpléad do thuarascáil ar oibreoirí aerárthaí

Aerfort de chuid an Aontais	Sainitheoir ICAO an Aerfoirt sin de chuid an Aontais	Breosla eitlíochta bliantúil atá de dhíth (tonaí ***de choibhéis cheirisín***)	Breosla eitlíochta iarbhír a cuireadh ar bord (tonaí ***de choibhéis cheirisín***)	Cainníocht bhliantúil gan forlíonadh na n-umar breosla (tonaí ***de choibhéis cheirisín***)	Cainníocht iomlán bhliantúil gan forlíonadh na n-umar breosla (tonaí ***de choibhéis cheirisín***)

Teimpléad 2

Soláthróir breosla	***An méid a ceannaíodh (tonaí de choibhéis cheirisín)***	***Teicneolaíocht tiontúcháin***	***Saintréithe***	***Bunadh an bhunábhair***	***Astaíochtaí saolré***